



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2023
(OR. en)

11850/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0285(NLE)**

**RECH 357
EDUC 315
COMPET 763
IND 393
MI 617
EMPL 381**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 436 final
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 436 final.

Faoi iamh: COM(2023) 436 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2023
COM(2023) 436 final

2023/0285 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta
a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

Is iad taighdeoirí croí an chórais taighde agus nuálaíochta san Eoraip. Is gá gairmeacha taighde a neartú chun tallann a mhealladh agus a choinneáil agus chun an córas foriomlán a dhéanamh níos láidre agus níos iomaíche. Tá sé seo thar a bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus dúshláin sochaí atá roimh an Eoraip, lena n-áirítear an claochlú digiteach agus an claochlú glas.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le haghaidh taighdeoirí ó seoladh an **Limistéar Eorpach Taighde** in 2000¹. Tá saincheistanna fós ann, áfach, cinn nach mór aghaidh a thabhairt orthu le bearta spriocdhírthe éifeachtacha.

Admhaítear sa **Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘LET Nua don Taighde agus don Nuálaíocht’**² go bhfuil gá le dálaí forbartha gairme chun na taighdeoirí is fearr san Eoraip a mhealladh agus a choinneáil sa rás domhanda le haghaidh daoine tréitheacha, agus nach bhfuil feabhas leordhóthanach tagtha ar an bhfostaíocht fhorbhásach le blianta beaga anuas, go háirithe i gcás taighdeoirí luathghairme. Déantar foráil ann maidir le cur chuige cuimsitheach i leith gairmeacha taighde san Eoraip, trí bhíthin bosca uirlisí beart arb é is aidhm dóibh aitheantas a thabhairt do ghairm agus do scileanna taighdeoirí, Creat Inniúlachta do Thaighdeoirí a fhorbairt, soghluaisteacht agus malartuithe feabhsaithe idir an saol acadúil agus an tionscal, deiseanna oiliúna spriocdhírthe, agus tairseach ilfhreastail ar ar féidir le taighdeoirí rochtain a fháil le haghaidh réimse leathan seirbhísí tacaíochta.

Sna **Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ‘Limistéar Eorpach Taighde Nua a Dhoimniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oile a fhíorú’** ó Bhealtaine 2021³, léiríodh go raibh gá le gníomhaíocht níos comhordaithe ar leibhéal na hEorpa chun na dúshláin atá roimh thaighdeoirí cheana a shárú agus gairmeacha taighde leordhóthanacha agus inbhuanaithe a bheith ann, cúrsaíocht chothrom tallainne a spreagadh, agus ceann scríbe tarraingteach do thaighdeoirí a dhéanamh den Eoraip. Moltar gur cheart dul i dtreo creat aonair cuimsitheach, lena dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin uile a bhaineann le gairmeacha taighde sna réimsí fostaíochta taighde féideartha uile.

Maidir leis an ngá chun gairmeacha taighde san Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí, cuirtear é sin i dtábhacht freisin i **Moladh ón gComhairle maidir le ‘Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip’ an 26 Samhain 2021**⁴, agus **Clár Oibre Beartais LET atá i gceangal leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo’ an 26 Samhain 2021**⁵, lena n-áirítear gníomhaíocht chun ‘4. Gairmeacha taighde tarraingteacha agus inbhuanaithe, cúrsaíocht chothrom tallainne agus soghluaisteacht idirnáisiúnta, trasdisciplíneach agus idirearnálach ar fud LET a chur chun cinn’. Déantar foráil leis an ngníomhaíocht maidir le forbairt creata Eorpaigh le haghaidh

¹ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE, PARLAIMINT NA hEORPA, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS COISTE NA RÉIGIÚN I dtreo réimse taighde Eorpach, an Bhruiséil, COIM(2000) 6 final.

² TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN LET nua don Taighde agus don Nuálaíocht, COM(2020) 628 final.

³ Doiciméad 9138/21 ón gComhairle.

⁴ Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, (IO L 431, 2.12.2021, lch. 1).

⁵ Doiciméad 14308/21 ón gComhairle.

gairmeacha taighde, agus cruthú nó uasghrádú ionstraimí atá ann cheana chun tacú le gairmeacha taighde.

Is minic a fhaigheann taighdeoirí, ar fud na hEorpa, go bhfuil **cúrsaí maidir lena gcoinníollacha fostaíochta agus oibre míshocair**. Is amhlaidh an cás i gcás **taighdeoirí luathghairme** go háirithe. Cé go mbíonn an taighdeoir fostaithe ag ollscoil nó eagraíocht taighde de ghnáth, tagann an cistiú go díreach (trí chomhaltachtaí) nó go hindíreach (trí thionscadail taighde) ó eagraíochtaí cistiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is gnách go mbíonn conarthaí gearrthéarmacha ag taighdeoirí a chistítear le deontais agus is minic nach mbíonn aon dóchúlacht ann go mbeidh cobhsaíocht fostaíochta acu.

Is féidir **tuarastail, cosaint shóisialta agus dálaí oibre** a bheith an- éagsúil ag brath ar an gcomhlacht cistiúcháin is urraitheoir. Leis an uirlis **Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R)**⁶ cuireadh ar chumas fostóirí agus cisteoirí prionsabail **na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí**⁷ a chur i bhfeidhm. Cuireann Gníomhaíochtaí Marie Sklodowska Curie (MSCA)⁸ an Chairt agus an Cód chun cinn, trí bhíthin iad a chur mar choinníoll chun bheith rannpháirteach sa chlár. Rinneadh an Chairt agus an Cód in 2005, áfach, agus ní mór iad a athbhreithniú chun freagairt don réaltacht nua agus do na dúshláin nua, lena n- áirítear Eolaíocht Oscailte agus combhionannas inscne, i measc nithe eile. Maidir leis an leagan athbhreithnithe, ba cheart iarracht a dhéanamh leis go mbeadh feidhm aige i réimsí lasmuigh den saol acadúil freisin. Leanann tairseacha agus seirbhísí **EURAXESS**⁹ de bheith ag soláthar faisnéis fhíor- riachtanach phraiticiúil do thaighdeoirí soghluaiste agus rochtain ar dheiseanna fostaíochta ar fud na hEorpa. Tá scéim pinsin **RESAVER**¹⁰ tar éis cabhrú ina leith sin ach tá cumhdach teoranta aici faoi láthair. D'fhéadfaí na seirbhísí agus uirlisí sin a leathnú.

Rinneadh easpa dul chun cinn suntasach maidir le tacaíocht a thabhairt **d'aistriú taighdeoirí go hearnálacha fostaíochta níos leithne lasmuigh den saol acadúil**, nó i dtreo **gnólachtaí nuathionscanta a chruthú agus i dtreo na nuálaíochta**. Ar cheann de na príomhchúiseanna den easpa dul chun cinn thuasluaite tá an modh an- chúng chun measúnú a dhéanamh ar thaighdeoirí bunaithe ar fhoilseacháin a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu go heisiach, chomh maith le méadracht chúng Fhachtóir Thionchar na hIrise. Is é an iarmhairt air sin ná nach mbíonn taighdeoirí sásta a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí amhail eolaíocht oscailte, soghluaisteacht idirearnálach agus fiontraíocht, eolaíocht saoránach agus for- rochtain toisc nach dócha go mbeidh tairbhe ag baint leo i ndáil le gairm acadúil. Ina theannta sin, cuirtear lagmhisneach ar thaighdeoirí in dáil le taighde idirdhisciplíneach mar gheall ar an easpa irisí lena mbaineann fachtóirí ard- tionchair.

Toisc eile a chuireann isteach ar aistriú gairme lasmuigh den saol acadúil ná go gcuirtear oiliúint ar iarrthóirí PhD i dtimpeallacht acadúil amháin. Mar gheall ar an gcineál seo printíseachta acadúla, fágtar iad gan na scileanna is gá le haghaidh gairmeacha eile in earnálacha eile. Deirtear i dTuarascáil Eolaíochta UNESCO, 2021¹¹ go bhfuil 8,85 milliún taighdeoirí ann ar fud an domhain. Ó 2007 i leith, tá méadú nach mór 30 % tagtha ar an líon

⁶ <https://euraxess.ec.europa.eu/jobs/hrs4r>

⁷ <https://euraxess.ec.europa.eu/jobs/charter>

⁸ <https://marie-sklodowska-curie-actions.ec.europa.eu/>

⁹ <https://euraxess.ec.europa.eu/>

¹⁰ <https://www.resaver.eu/>

¹¹ UNESCO (2021) *UNESCO Science Report - The race against time for smarter development [Tuarascáil Eolaíochta UNESCO - Rás in aghaidh an chloig le haghaidh forbairt níos cliste]*, ISBN: 978-92-3-100450-6. Ar fáil ar <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000377433> (Ceadaithe an 31 Márta 2023).

taighdeoirí. Tá níos mó taighdeoirí sa tSín ná sna Stáit Aontaithe anois (21.1 % agus 16.2 % faoi seach). **Tá an líon is mó taighdeoirí san Aontas Eorpach fós**, sciar de 23.5 %. Níl méadú cosúil leis sin tagtha ar líon na bpost acadúil, áfach, agus an fhírinne ná nach bhfaighidh ach céatadán an- bheag de chéimithe PhD post san earnáil acadúil nó in earnáil an taighde phoiblí. Dá bhrí sin, ní mór dóibh fostaíocht a lorg lasmuigh de na hearnálacha sin¹². Go deimhin, mar gheall ar an líon beag taighdeoirí a éiríonn ina n- acadóirí, is é an saol acadúil an ghairm eile. Toisc nach mbeidh gairm acadúil ag formhór na dtaighdeoirí, ní mór dóibh na **scileanna a theastaíonn chun bheith fostaithe in earnálacha neamhadúla a fhorbairt nó a ngníomhaíochtaí fiontraíochta féin a bhunú**.

Is ann do **shoghluaisteacht neamhshiméadrach taighdeoirí** fós idir Oirthear agus Iarthar, Deisceart agus Tuaisceart. Rinneadh idirghabhálacha thar na blianta, amhail an fhéidearthacht cistí Beartais Chomhtháthaithe a úsáid le haghaidh taighde, nó bearta sonracha le haghaidh na dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú faoi na Cláir Réime don taighde agus nuálaíocht¹³. Cé gur chabhraigh siad sin chun cúrsaíocht níos cothroime tallainne a spreagadh, ní raibh na tionscnaimh sin leordhóthanach chun éifeachtaí fadtéarmacha a chruthú, áfach.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le **comhionannas inscne**, tá saincheisteanna fós ann. Is gá aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne mharthanacha i ngairmeacha taighde go héifeachtach – lena n- áirítear bearna phá idir na hinscní, forbairt gairmeacha, laofachtaí inscne i ndáil le measúnú, saincheisteanna maidir le cothromaíocht oibre is saoil chomh maith le foréigean inscnebhunaithe, ar saincheisteanna iad uile a dhéanann difear do rannpháirtíocht agus forbairt gairmeacha. Thairis sin, tá gá le hiarrachtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar ghann- ionadaíocht na mban san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM).

Ar leibhéal níos bunúsaí, ní mór amharc arís ar an **sainmhíniú ar thaighdeoir** chun a áirithiú go gcuimsítear leis an réimse leathan roghanna gairme. Ní mór a admháil go bhfuil páirt shuntasach ag gníomhaíochtaí eile lasmuigh den taighde, amhail an teagasc, maoirseacht agus meantóireacht, rannpháirtíocht leis an tionscal agus leis an tsochaí. Thairis sin, ní mór a admháil go n- éilítear le taighde agus nuálaíocht ardleibhéal tacaíocht ón iliomad **ról bainistíochta taighde**, a dhéanann taighdeoirí nó gairmithe eile.

De bharr thábhacht na ngairmeacha taighde, ní mór **córas faireacháin** leordhóthanach rialta a bheith ann in éineacht leis na creatdálaí agus bearta tacaíochta, lenar féidir sonraí ábhartha a bhailiú is féidir tacú le páirtithe leasmhara taighde agus nuálaíochta chomh maith le lucht ceaptha beartas.

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is aidhm don togra reatha le haghaidh Moladh ón gComhairle freagairt d'ábhair inní agus moltaí a d'ardaigh an Coimisiún agus an Chomhairle¹⁴ agus cuirtear chun feidhme leis ceann de na torthaí a bhfuil coinne leis ó ghníomhaíocht 4 de Chlár Oibre LET, go háirithe forbairt creata Eorpaigh le haghaidh gairmeacha taighde. Soláthraítear leis na caighdeáin lenar féidir na Ballstáit, eagraíochtaí taighde, cisteoirí agus páirtithe leasmhara a stiúradh chun cobhsaíocht agus meallacht gairmeacha taighde a mhéadú. Is é is cuspóir dó **taighdeoirí na**

¹² De réir Eurostat, in 2021 d'oibrigh formhór na dtaighdeoirí san Aontas in earnáil an fhiontair gnó (56 %) agus in earnáil an ardoideachais (32 %), agus ansin earnáil an rialtais (11 %). Féach <https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/ddn-20221206-1>.

¹³ Is éard atá sna tíortha a thagann faoin bhfairsingiú na cinn lena mbaineann rannpháirtíocht íseal i gcláir réime don taighde agus nuálaíocht roimhe seo.

¹⁴ Féach an roinn roimhe seo.

hEorpa a choinneáil, agus ceann scríbe atá tarraingteach do dhaoine tréitheacha eachtracha a dhéanamh den Eoraip.

Soláthraítear **sainmhíniú soiléir ar ‘taighdeoir’**¹⁵, ionas go mbeidh aitheantas ceart ann don ghairm san Eoraip. Soláthraítear freisin gur féidir réimse éagsúil **gairmeacha taighde** a bheith ag taighdeoirí sna hearnálacha ábhartha uile, lena n-áirítear an saol acadúil, saol an ghnó, riarachán poiblí agus an earnáil neamhbhrabúis. Aithnítear sa togra an éagsúlacht **ról bainistíochta taighde** a dhéanann taighdeoirí nó gairmithe eile, agus cuirtear i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le tuilleadh anailís agus ailíniú na ngairmeacha sin ar leibhéal na hEorpa.

Dálaí oibre a fheabhsú, cothromaíocht oibre is saoil a áirithiú, agus **éiginnteacht a chomhrac**, lena n-áirítear srian a chur ar chonarthaí ar théarma seasta agus sásraí cistiúcháin níos inbhuanaithe a chothú le haghaidh eagraíochtaí taighde, beidh na gníomhaíochtaí sin ina ngnéithe bunúsacha le haghaidh gairmeacha taighde níos tarraingtí. Comhlánófar é sin le bearta chun **bearta cosanta sóisialta** leordhóthanacha agus inaistritheacht ceart pinsin thar theorainneacha a áirithiú. **Dírítear go sonrach ar thaighdeoirí luathghairme**, le dreasachtaí tiomnaithe.

Cuirfear **Cairt nua do Thaighdeoirí** in ionad na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí, 2005¹⁶, tacóidh se le soláthar dálaí maithe oibre agus timpeallachtaí taighde maithe in eagraíochtaí ábhartha. Doiciméad aonair a bheidh ann a bhainfidh le taighdeoirí, fostóirí, cisteoirí agus an lucht ceaptha beartas, agus beidh prionsabail níos cuíchóirithe ann¹⁷ chun a cur chun feidhme a éascú sna hearnálacha uile. Is féidir leis an gCairt nua a bheith ina deis chun an próiseas a sheoladh le haghaidh an athbhreithnithe ar shásra reatha cur chun feidhme na Straitéise Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R).

Le neartú **scileanna taighdeoirí**, go háirithe scileanna inaistrithe trí úsáid a bhaint as an **gCreat Inniúlachta Eorpach do Thaighdeoirí (ResearchComp)**¹⁸ agus le tacaíocht micridhintiúr¹⁹, cothófar **soghluaisteacht idirearnálach** agus aistriú ceart tallainne idir earnálacha. Beidh sé sin mar bhonn taca faoi chúrsaíocht eolais, agus cabhróidh sé leis an mbearna idir taighdeoirí agus éileamh an mhargaidh saothair ar thallann ardoilte a laghdú.

Tá an tallann ag croílár na **nuálaíochta**. Tá sé ríthábhachtach dálaí a chruthú chun tréshreabhadh tallainne ardoilte láidre atá in ann cur le téarnamh agus cumhacht iomaíochta na hEorpa a sheachadadh agus a áirithiú. Cuimsítear leis sin ceangail níos láidre idir an saol acadúil agus an tionscal, chomh maith le cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta, inar féidir le tallann na smaointe a fhorbróidh siad a thabhairt chuig an margadh.

Fad a chothaíonn sé soghluaisteacht idirearnálach agus na cineálacha uile eile soghluaisteachta²⁰, agus taighdeoirí a bheadh ag bunú gnólachtaí nuathionscanta, aithníonn an togra na **conairí gairme éagsúla**, chun a chinntiú go gcuirtear a mbreisluach san áireamh go

¹⁵ Agus úsáid á baint as an sainmhíniú ó Lámhleabhar Frascati a nglactar go forleathan leis, <https://www.oecd.org/sti/inno/frascati-manual.htm>.

¹⁶ Moladh ón gCoimisiún an 11 Márta 2005 maidir leis an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus maidir le Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Taighdeoirí 2005/251/CE (IO L 75, 22.3.2005, lch. 67).

¹⁷ Tacar 20 prionsabal in ionad na 40 prionsabal atá sa Chairt agus Cód reatha do Thaighdeoirí.

¹⁸ Féach <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/8d536780-3025-11ed-975d-01aa75ed71a1/language-en>.

¹⁹ Moladh 2022/C 243/02 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

²⁰ Soghluaisteacht gheografach, idirinstiúideach, idirdhisciplíneach, fhíoriúil.

leordhóthanach i ndáil le hearcaíocht, forbairt gairmeacha, agus measúnú ar thaighdeoirí. Comhlánaítear é sin leis an tacaíocht do **sheirbhísí comhairleachta agus tacaíochta gairme**, chun cabhrú le taighdeoirí an chonair is oiriúnaí dóibh a aimsiú agus chun forbairt gairme a chothú.

Tugtar na **próifílí R1- R4 do thaighdeoirí** a tugadh isteach in 2011²¹ cothrom le dáta agus comhlánaítear iad le samplaí de ghairmeacha beatha le haghaidh gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha chun gairmeacha taighdeoirí a dhéanamh níos inchomparáide agus níos idir-inoibrithí ar fud na n-earnálacha fostaíochta agus tíortha²².

Le cur chun feidhme caighdeán nua agus moltaí, feabhsófar córais fhoriomlána taighde agus nuálaíochta na hEorpa, chomh maith leis na córais náisiúnta, lena gcuirfear leis an iarracht **aghaidh a thabhairt go struchtúrach ar chásanna a bhaineann le cúrsaíocht éagothrom tallainne**.

Soláthraítear tacaíocht do chur chun feidhme agus tuilleadh forbartha uirlisí atá ann cheana agus uirlisí nua chun a thacaíonn le gairmeacha taighde (e.g. EURAXESS, RESAVER, ResearchComp). Beidh feidhm acu go léir san ardán nua, **Ardán Tallainne LET**, ardán ilfhreastail le haghaidh taighdeoirí agus ardán lena dtabharfar tacaíocht d'eagraíochtaí taighde freisin.

Le **faireachlann gairmeacha taighde** ceadófar faireachán ar chur chun feidhme an togra reatha, trí tháscairí maidir leis na gnéithe éagsúla a chumhdaítear a bhailiú. Ar bhonn na sonraí sin, beidh páirtithe leasmhara agus lucht ceaptha beartas ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach in ann gníomhaíocht fianaisebhunaithe a dhéanamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra reatha i gcomhréir le forálacha beartais atá ann cheana, go háirithe:

- **An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht’**, a glacadh an 1 Iúil 2020²³, lena gcuirtear i dtábhacht go bhfuil taighdeoirí ar thús cadhnaíochta san eolaíocht agus sa nuálaíocht, agus go dteastaíonn tacair shonracha scileanna uathu chun gairmeacha rathúla a bheith acu sa saol acadúil agus lasmuigh de. I measc nithe eile, déantar foráil sa Chlár Oibre Scileanna maidir le sainmhíniú ar thacsanomaíocht scileanna le haghaidh taighdeoirí, forbairt Creata Inniúlachta Eorpaigh do Thaighdeoirí, agus tacaíocht chun na scileanna a theastaíonn ó thaighdeoirí le haghaidh na soghluaisteachta idirearnálaí a thabhairt dóibh. Leis an gcéad gníomhaíocht shuaitheanta sa Chlár Oibre Scileanna, Comhshocrú an Aontais um Scileanna, tacaítear le huas-sciliú agus athsciliú trí chomhar idir an tionscal, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus údaráis phoiblí i gcomhpháirtíochtaí scileanna ar mórscála.

²¹

https://cdn5.euraxess.org/sites/default/files/policy_library/towards_a_european_framework_for_research_careers_final.pdf

²²

Nochtar in anailís ar na 79 285 folúntas a foilsíodh i mbunachar sonraí Euraxess 2020 i gcás leath de na folúntais nach raibh siad nasctha le céim ghairme amháin ar leith. Thairis sin, nochtar san anailís freisin go bhfuil a théarmaíocht féin ag gach fostóir chun post a shonrú, rud a chuireann i dtábhacht an gá maidir le foclaíocht choiteann a fhorbairt.

²³

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht COM(2020) 274 final.

- An **Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis Eorpach d’Ollscoileanna’**²⁴, a glacadh an 18 Eanáir 2022, ina ndéantar foráil maidir le forbairt creata le haghaidh gairmeacha taighde, i gcomhar le creat Eorpach le haghaidh gairmeacha mealltacha inbhuanaithe san ardoideachas.
- Sa **Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht’**, a glacadh an 5 Iúil 2022²⁵, admhaítear go mbraitheann an nuálaíocht ar chothú, mealladh agus coinneáil daoine aonair a bhfuil tallann acu agus réimse éagsúil scileanna, agus cuirtear i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le gluaiستهacht idirearnálach.
- An **Moladh ón gComhairle ‘maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais’**²⁶, a glacadh an 2 Nollaig 2022, is é is aidhm dó líne choiteann a ghlacadh maidir le prionsabail bheartais agus bearta le haghaidh an lucht ceaptha beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun claochlú torthaí taighde agus nuálaíochta ina réitigh, a dtairbhíonn an tsochaí díobh, a uasmhéadú. I measc nithe eile, cuireann na Treoirphrionsabail chun cinn creat chun tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt scileanna agus inniúlachtaí, córas dreasachtaí, agus méadrachtaí, faireachán agus meastóireacht.
- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra reatha i gcomhréir le beartais eile an Aontais, go háirithe:

- **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**, arna fhógairt ag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i Samhain 2017 agus lena socraítear na prionsabail agus cearta fíor-riachtanacha le haghaidh margaí saothair agus córais leasa shóisialta chothroma a fheidhmíonn go maith san 21ú céad, agus forálacha Aontais gaolmhara i réimse na ndálaí oibre agus na cosanta sóisialta, lena n-áirítear an **Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Tionscnamh chun tacú leis an gcóimheá oibre agus saoil do thuismitheoirí agus cúramóirí’**²⁷ a glacadh an 26 Aibreán 2017; an **Treoir maidir le ‘Dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach’**²⁸, agus an **Treoir maidir le ‘Cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí’**²⁹, a glacadh an 20 Meitheamh 2019; an **Moladh ón gComhairle maidir le ‘Rochtain ar chosaint shóisialta d’oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe’**³⁰, a glacadh an 8 Samhain 2019. Maidir leis an

²⁴ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Straitéis Eorpach d’ollscoileanna, COM(2022) 16 final.

²⁵ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht, COM/2022/332 final.

²⁶ Moladh (AE) 2022/2415 ón gComhairle an 2 Nollaig 2022 maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais (IO L 317, 9.12.2022, lch. 141).

²⁷ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Tionscnamh chun tacú leis an gcóimheá oibre agus saoil do thuismitheoirí agus cúramóirí, COM(2017) 252 final.

²⁸ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

²⁹ Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil le haghaidh thuismitheoirí agus le haghaidh cúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

³⁰ Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta, go háirithe, is é is aidhm dó a áirithiú gur féidir le hoibrithe agus daoine féinfhostaithe araon, faoi dhálaí inchomparáide, cloí le córais cosanta sóisialta, teidlíochtaí leordhóthanacha a charnadh agus a éileamh, teidlíochtaí cosanta sóisialta a aistriú go héasca ó phost amháin go dtí an chéad phost eile, agus faisnéis thrédhearcach a bheith acu maidir lena dteidlíochtaí agus oibleagáidí cosanta sóisialta.

- **An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach’³¹**, a glacadh an 27 Aibreán 2022, aithnítear ann an tábhacht agus an gá a bhaineann le háit a dhéanamh den Aontas atá níos mealltaí don tallann ar fud an domhain. Sa chomhthéacs sin, leis an Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí³² agus leis an leagan is déanaí den Treoir maidir le Cárta Gorm AE³³, cuirtear leis na cuspóirí sin trí bhíthin é a dhéanamh níos éasca agus níos tarraingtí do thaighdeoirí agus d’oibrithe ardoilte teacht chuig an Aontas, agus trí chúrsaíocht eolais agus scileanna a chur chun cinn trína bheith ag aistriú idir na Ballstáit trí chearta soghluaisteachta feabhsaithe laistigh den Aontas.
- **An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa’³⁴**, a glacadh an 17 Eanáir 2023, lena ndírítear ar na dúshláin a bhaineann le gaiste forbartha tallainne sna réigiúin san Aontas atá nasctha leis an meath déimeagrafach, sciar íseal marbhánta de dhaoine a bhfuil oideachas treasach acu, agus imeacht mór daoine óga.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is iad Airteagail 182(5) agus 292 CFAE bunús dlí an tionscnaimh seo. I gcomhréir le hAirteagal 292 CFAE, féadfaidh an Chomhairle moltaí a ghlacadh agus gníomhóidh sí ar thogra ón gCoimisiún sna cásanna uile ina ndéantar foráil sna Conarthaí nach mór di gníomhartha a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún.

I gcomhréir le hAirteagal 179 CFAE, beidh sé de chuspóir ag an Aontas a bhunúis eolaíocha agus theicneolaíocha a neartú trí limistéar Eorpach taighde a bhaint amach ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus é a spreagadh le bheith níos iomaíche, lena n-áirítear ina chúrsaí tionscail, agus na gníomhaíochtaí taighde go léir a mheastar a bheith riachtanach de bhua Chaibidlí eile na gConarthaí á gcur chun cinn.

³¹ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach, COM/2022/657 final.

³² Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

³³ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle (IO L 382, 28.10.2021, lch. 1).

³⁴ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa, COM(2023) 32 final.

I gcomhréir le hAirteagal 181 CFAE, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche a chomhordú lena áirithiú go mbeidh beartais náisiúnta agus beartas AE comhsheasmhach lena chéile. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur chun cinn, go háirithe tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo treoirínte agus táscairí a bhunú, malairtí dea-chleachtais a eagrú agus na gnéithe is gá a ullmhú le haghaidh faireachán agus meastóireacht thréimhsiúil. Ní mór Parlaimint na hEorpa a choinneáil go hiomlán ar an eolas.

Le hAirteagal 182(5) CFAE cuirtear an deis ar fáil na gníomhaíochtaí atá beartaithe leis an gclár réime ilbhliantúil a chomhlíonadh, trína chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, na bearta is gá a bhunú chun an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá dúshlán shonracha roimh thaighdeoirí agus gairmeacha taighde, agus tá riachtanais shonracha acu freisin, amhail aitheantas na gairme agus sainmhínithe coiteanna ar leibhéal an Aontais ar ‘taighdeoir’ agus ar na gairmeacha taighde chun idir-inoibritheacht agus inchomparáideacht a chothú ar fud na mBallstát agus ar fud na n-earnálacha; comhthuiscint ar an tacar scileanna atá de dhíth ar thaighdeoirí; cur chun cinn soghluaisteachta cothroime geografai, idirearnálaí agus idirdhisciplíní; córas feabhsaithe comhordaithe le haghaidh forbairt gairme, dul chun cinn agus measúnú ar thaighdeoirí; ionstraimí tacaíochta an Aontais le haghaidh gairmeacha taighde, lena n-áirítear córas faireacháin Eorpach cuimsitheach. Mar gheall ar chineál na riachtanas sin, ní féidir iad a bhaint amach go héifeachtach ach ar a dtionscnamh ag leibhéal an Aontais.

Tá beart déanta ag an gCoimisiún san am atá caite, go háirithe leis an Moladh ón gCoimisiún an 11 Márta 2005 ‘maidir leis an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus maidir le Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Thaighdeoirí’³⁵, ach tá gá le tionscnamh nua cothrom le dáta chun freagairt do dhúshlán nua agus don chomhthéacs nua.

D’iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún beart a dhéanamh sna Conclúidí ón gComhairle an 28 Bealtaine 2021 maidir le ‘Limistéar Eorpach Taighde Nua a Dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú’, agus i Clár Oibre Beartais LET atá i gceangal leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo’ an 26 Samhain 2021. Sa Mholadh ón gComhairle maidir le ‘Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip’ an 26 Samhain 2021 cuimsítear gairmeacha taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí, chomh maith le measúnú taighde agus córas luaíochtaí, mar réimsí tábhachtacha gníomhaíochta i gcomhthéacs na réimsí le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach ón Aontas agus ó na Ballstáit chun tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde.

Ba cheart a chur san áireamh go bhfuil an- tábhacht ag baint le tionscnamh den sórt sin chun gairmeacha taighde san Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí, ag cur ar bhealach cinntitheach leis an gcuspóir a bhaineann le tallann taighde a choinneáil san Eoraip agus ceann scríbe mealltach a dhéanamh di do thallann eachtrach.

³⁵ Moladh ón gCoimisiún an 11 Márta 2005 maidir leis an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus maidir le Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Thaighdeoirí 2005/251/CE (IO L 75, 22.3.2005, lch. 67).

- **Comhréireacht**

Tá an togra reatha i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní mó ábhar ná foirm an mholta seo ón gComhairle atá beartaithe ná an méid is gá chun a chuspóirí a bhaint amach. Ní bheidh na gealltanais a dhéanfaidh na Ballstáit ceangailteach agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a úsáidfídh sé.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar fhianaise a bailíodh agus ionchur a fuarthas i gcomhthéacs staidéar arna gcoimisiúnú ag an gCoimisiún, lenar bhain idirghníomhaíochtaí fada le páirtithe leasmhara.

An staidéar ‘*Taking stock, evaluating the achievements and identifying the way forward for the ERA Priority 3 policy measures*’ [Machnamh a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh ar an méid atá bainte amach agus aithint an bhealaigh chun cinn le haghaidh bhearta beartais Thosaíocht 3 LET] a foilsíodh i Nollaig 2021³⁶, rinneadh machnamh ar na bearta beartais a bhí ann cheana chun tacú leis an tosaíocht LET a bhí ann ‘Margadh saothair oscailte do thaighdeoirí’, go háirithe an Chairt do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Taighdeoirí, an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R), agus líonra seirbhísí EURAXESS. Rinneadh meastóireacht ann ar an méid a bhí bainte amach, sonraíodh na riachtanais agus cuireadh moltaí ar fáil maidir le bearta beartais nua nó athbhreithnithe chun réimse acmhainní daonna an LET nua a chur chun cinn. Bhí baint ag roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin, lena n-áirítear 3 cheardlann ar líne (Aibreán, Bealtaine agus Iúil 2021) le páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí taighde (e.g. ollscoileanna agus brateagraíochtaí RPO eile, eagraíochtaí taighdeoirí, comhghuaillíochtaí Ollscoileanna Eorpacha, cisteoirí taighde, líonra EURAXESS, Ballstáit), suirbhé ar eagraíochtaí a bhaineann leis an bpróiseas HRS4R, agus suirbhé ar líonra seirbhíse EURAXESS.

Is féidir achoimre a thabhairt na príomhghnéithe a tháinig as an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an staidéir mar a leanas:

- Tá glactha go forleathan leis an gCairt do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Taighdeoirí ar an leibhéal institiúideach laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ach is gá iad a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt don réaltacht nua (Eolaíocht Oscailte, sláine taighde, comhionannas inscne, éagsúlacht agus cuimsiú, eolaíocht foirne, soghluaisteacht idirearnálach agus idirdhisciplíneach, measúnú taighde), agus ba cheart a nglacadh a chur chun cinn lasmuigh den earnáil acadúil freisin;
- Le próiseas HRS4R agus an dámhachtain gaolmhar, cabhraíodh le hathrú dearfach a dhéanamh ar chleachtais acmhainní daonna in eagraíochtaí ina ndéantar taighde, d’ainneoin an dearcaidh atá ag roinnt eagraíochtaí go bhfuil gá leis an iomarca iarrachta chun an dámhachtain a fháil;
- Maidir le glacadh agus éifeachtacht na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí agus HRS4R, imrítear tionchar láidir orthu leis an gcomhthéacs náisiúnta agus le beartais náisiúnta;

³⁶ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/40089aaa-57dc-11ec-91ac-01aa75ed71a1>.

- Tá líon criticiúil taighdeoirí agus eagraíochtaí taighde sroichte ag EURAXESS laistigh den Aontas agus lasmuigh de, as ar eascair méadú seasta ar an méid agus déine úsáide. Tá tairbhí éagsúla faighte ag taighdeoirí de bharr EURAXESS, go háirithe maidir le tacaíocht do shoghluaisteacht idirnáisiúnta, fad atá rochtain níos fearr faighte ag eagraíochtaí taighde ar thallann taighde. Is gá tairiscint seirbhíse EURAXESS a leathnú, áfach, chun tacú le forbairt tallainne taighde ar bhonn níos leithne, agus ba ghá an múnla rialachais reatha a neartú dá réir sin;
- Tugtar le fios leis na dúshlán margaidh saothair atá roimh thaighdeoirí go bhfuil gá le foirmeacha nua difriúla tacaíochta do ghairmeacha taighde, má táthar chun uailmhianta LET nua a bhaint amach. Anuas air sin, chun toilmhianta an LET nua a bhaineann le gairmeacha taighde a chomhlíonadh, ba cheart na uirlisí uile atá ann cheana a thabhairt le chéile i gcreat foriomlán.

Ar bhonn na ngnéithe sin, bhain na príomh- mholtaí leis an ngá leis an méid seo a leanas:

- Creat beartais aonair le haghaidh gairmeacha taighde, lena gcuimseofaí cur chuige iomlánaíoch lena dtugtar aghaidh ar na dúshlán uile, agus é ag díriú ar na hearnálacha uile den tsochaí ina ndéanann taighdeoirí a ngníomhaíochtaí;
- Cairt agus Cód nuashonraithe do Thaighdeoirí lena léireofaí na dúshlán reatha agus na deiseanna sa mhargadh saothair le haghaidh taighdeoirí, agus formhuiniú agus cur chun feidhme níos leithne, lena n- áirítear tríd an earnáil phríobháideach, mar chuid lárnach den LET foriomlán;
- Claoclú EURAXESS ina Ardán Tallainne LET lena soláthrfaí tacaíocht níos iomlánaíche do thaighdeoirí agus a bheadh bunaithe ar mhúnla rialachais feabhsaithe;
- Dul i ngleic le saincheistean sa mhargadh saothair a bhí roimh thaighdeoirí, amhail cosaint shóisialta nó teidlíochtaí pinsin;
- Tacaíocht don fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartú taithí a bhaineann le gairmeacha taighde.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le hearnáil an ardoideachais chun creat a fhorbairt chun a misean taighde agus nuálaíochta a neartú i gcomhar leis an misean oideachais, as ar eascair moltaí *‘Towards a 2030 vision on the future of universities in Europe’* [I dtreo fis 2030 ar thodhchaí na n- ollscoileanna san Eoraip] (Deireadh Fómhair 2020)³⁷, lena n- áirítear moltaí maidir le caipiteal daonna a chothú agus forbairt gairme. Is mar seo a leanas a bhí na príomhthorthaí i ndáil leis sin:

- Córais agus struchtúir ollscoileanna i ndáil le forbairt gairme, oiliúint agus measúnú, aitheantas agus dreasachtaí a athchóiriú chun múnla meastóireachta níos iomlánaíche, atá bunaithe ar cháilíocht in áit cainníochta a bhaint amach;
- Measúnú gairme taighdeoirí a athchóiriú, i dtreo córas níos cothroime atá bunaithe ar speictream iomlán cumas taighdeoirí ar bhealach atá ábhartha dá gcéim gairme, don phost atá uathu agus fachtóirí comhthéacsúla ábhartha eile, ag seachaint cur chuige ‘an cheap a dhéanann gach uile bhróg’. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú aschur taighde, dul chun taighde, seirbhís agus ceannaireacht, tionchar taighde, teagasc agus maoirseacht, agus taithí ghairmiúil eile;
- Oiliúint scileanna agus forbairt ghairmiúil a leabú do thaighdeoirí ar gach leibhéal, lena n- éileofaí infheistíocht san oiliúint agus forbairt ghairmiúil do thaighdeoirí ar

³⁷ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/a3cde934-12a0-11eb-9a54-01aa75ed71a1/>

gach leibhéal (R1-R4), ag díriú go sonrach ar thaighdeoirí ar leibhéal R1 agus R2 (PhD agus iardhochtúireacht), taighdeoirí nach mbeidh fostaíocht bhuan san earnáil acadúil ag a bhformhór;

- Oiliúint a sholáthar do thaighdeoirí ar gach leibhéal (R1-R4) i gcleachtas na hEolaíochta Oscailte;
- Coincheap na soghluaisteachta geografáí a leathnú chun soghluaisteacht fhíorúil a chuimsiú;
- An Chairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair dá nEarcaíocht a thabhairt cothrom le dáta, bunaithe ar chúrsaí taighde agus nuálaíochta atá athraithe san Eoraip, agus an plé reatha laistigh den earnáil acadúil a léiriú. Leis sin, ba cheart a chur san áireamh freisin Eolaíocht Oscailte, cleachtais nuálaíochta oscailte fhreagracha, éagsúlacht, sláine taighde, eolaíocht saoránach agus i- gluaisteacht cheathrúil (trasnáisiúnta, idirearnálach, idirdhisciplíneach agus fíorúil) i bhforbairt gairme;
- Idirghníomhaíocht idir earnálacha acadúla agus neamhacadúla a neartú chun ról ollscoileanna mar ghníomhaithe lárnacha ag croí na n- éiceachóras nuálaíochta a athneartú.

Sa staidéar *‘Knowledge Ecosystems in the new ERA’* [Éiceachórais Eolais sa LET nua], a chríochnaigh in 2022, cuimsíodh anailís ar ghnéithe a bhaineann le gairmeacha taighde, go háirithe scileanna³⁸, dálaí fostaíochta agus oibre, agus an feiniméan a bhaineann le himirce daoine oilte agus cúrsaíocht tallainne³⁹. Dhírigh sé freisin ar fhorbairt modheolaíochta le haghaidh faireachlann ar ghairmeacha taighde. Rinne an staidéar bearta soghluaisteacht idirearnálacha ar fud na hEorpa a mhapáil agus a shamhaltú, ag forbairt staidéar eile ón gCoimisiún *‘Fostering industrial talents in research at European level’* [Tallann thionsclaíoch a chothú sa taighde ar an leibhéal Eorpach] (Eanáir 2018)⁴⁰. Rinneadh roinnt mhaith gníomhaíochtaí comhairliúcháin i ndáil leis an staidéar sin, lena n- áirítear:

- Suirbhé ar líne (Aibreán-Bealtaine 2021) i measc taighdeoirí chun léargas a fháil ar scileanna, cosaint shóisialta agus dálaí oibre a bhaineann le poist i réimse an taighde, chomh maith le 3 chruinniú meithleacha i mBealtaine 2021 chun torthaí na n- agallamh a bhailíochtú agus a bheachtú;
- Suirbhé ar líne (Bealtaine-Meitheamh 2021) chun an tacar scileanna atá fíor- riachtanach do phoist taighdeoirí san earnáil acadúil agus phríobháideach a bhailíochtú;
- Agallaimh le taighdeoirí (R2 2021) ag céimeanna gairme éagsúla a oibríonn sa saol acadúil agus in earnálacha eile, ag díriú ar inniúlachtaí, deiseanna oiliúna scileanna, agus soghluaisteacht idirearnálach;
- Agallaimh le hionadaithe ó bhrateagraíochtaí ardoideachais, comhlachais eagraíochtaí taighde, ionadaithe ó Bhallstáit agus ionadaithe gnó (R2 2021), ag díriú ar nuashonrú ar an Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), Creat Inniúlachta Eorpach do Thaighdeoirí a fhorbairt, todhchaí cinnteachta tionachta agus éagsúlú gairmeacha taighde;

³⁸ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/8d536780-3025-11ed-975d-01aa75ed71a1/language-en>

³⁹ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/94a6a2ca-00c1-11ed-b94a-01aa75ed71a1/language-en> agus <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ec09bd95-00c2-11ed-b94a-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search>

⁴⁰ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/a33eb97c-437d-11e8-a9f4-01aa75ed71a1>

- Grúpa fócais (Meán Fómhair 2021) le bratchomhlachais an Aontais a bhaineann leis an taighde (ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, RTOanna, etc.), comhlachais tionscail, agus lucht ceaptha beartas an Aontais agus lucht ceaptha beartas náisiúnta chun an obair ar Dhréachtchreat Inniúlachta Eorpach do Thaighdeoirí a bhailíochtú;
- Ceardlann (Deireadh Fómhair 2021) ina raibh breis agus 450 rannpháirtí i measc páirtithe leasmhara ó na hearnálacha uile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le gairmeacha taighde, go háirithe i réimse na n- inniúlachtaí;
- Ceardlann (Márta 2022) le réimse páirtithe leasmhara ó na hearnálacha uile, ag tabhairt aghaidh ar scileanna taighdeoirí agus dálaí fostaíochta, saincheisteanna cosanta sóisialta na dtaighdeoirí soghluaiste idirnáisiúnta, agus coincheap na faireachlainne do ghairmeacha taighde;
- Ceardlann dheireanach (Meán Fómhair 2022) maidir le hinniúlachtaí, cúrsaíocht chothrom tallainne agus soghluaisteacht idirearnálach.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhthorthaí an staidéir mar a leanas:

- Tá an- tábhacht ag baint le taighdeoirí don chóras taighde agus nuálaíochta san Eoraip, agus tá sé tábhachtach a ngairmeacha a neartú, agus iad a dhéanamh níos mealltaí agus níos inbhuanaithe. An chéad ghné nach mór aghaidh a thabhairt uirthi ná sainmhíniú coiteann ar ‘taighdeoir’ ar an leibhéal Eorpach;
- Na tuairisceoirí próifíle R1-R4 a tugadh isteach in 2011, úsáidtear iad go minic agus déantar tagairt dóibh nuair a earcaítear taighdeoirí san earnáil acadúil, ach tá gá le tuilleadh soiléireachta, lena n- áirítear úsáid na dtuairisceoirí lasmuigh den saol acadúil a chothú agus chun idir- inoibritheacht agus inchomparáideacht i ndáil le ról taighdeoirí ar fud earnálacha agus ar fud na mBallstát a dhéanamh níos éasca;
- Measann taighdeoirí go bhfuil scileanna idirdhisciplíneacha tábhachtach i ndáil le hearcaíocht agus dul chun cinn gairme, ach measann mionlach na n- iarrthóirí PhD san Aontas go bhfuair siad scileanna idirdhisciplíneacha ar leibhéal leordhóthanach le linn na hoiliúna a fuarthas le linn a gcuid oiliúna dochtúireachta. Tá páirtithe leasmhara ag tnúth go mór le rolladh amach Creata Inniúlachta Eorpaigh do Thaighdeoirí, níor cheart dó a bheith ceangailteach agus ba cheart solúbthacht a bheith ann do na húsáideoirí i ndáil lena chur chun feidhme;
- Tá scileanna bunúsach le haghaidh shoghluaisteacht idirearnálach na dtaighdeoirí, agus ba cheart fáil a bheith ar oiliúint fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil indheimhnithe, lena n- áirítear oiliúint a bhaineann le comhordú agus comhar leis an ngnó agus gníomhaithe ábhartha eile sa mhargadh saothair chun an bhearna idir éileamh agus soláthar na dtaighdeoirí a laghdú. Tá sé a thábhachtaí céanna, áfach, tacaíocht agus treoraíocht a sholáthar do thaighdeoirí maidir le deiseanna gairme lasmuigh den saol acadúil, lena n- áirítear trí sheirbhísí meantóireachta agus forbartha gairme;
- Is ionann an easpa earcaíochta oscailte trédhearcaí atá bunaithe ar fhiúntas a bhíonn ann go minic, chomh maith leis na dálaí oibre míshocra agus éagobhsaíocht conairí gairme, agus bacainn ar an bhforbairt is fearr ar an gcaipiteal daonna taighde. Tá gá le tionscnaimh, lena n- áirítear samhail de chóras cinnteachta tionachta a chur san áireamh ar leibhéal an Aontais nó aon chóras trédhearcach aontachais agus dul chun cinn eile maidir le gairmeacha;
- Na príomhchúiseanna a chuireann le himirce daoine oilte a bhaineann leis an leibhéal córais, timpeallacht taighde, earcaíocht agus dálaí oibre, agus sármhaitheas taighde a

mhapáil, agus ag moladh dálaí le haghaidh soghluaisteacht níos cothroime. In éineacht leis an mapáil tá sainathint na gconairí chuig cúrsaíocht tallainne níos cothroime ar leibhéal na mBallstát ar bhonn na gcleachtas atá ann cheana nó cleachtais atá le teacht sna Ballstáit nó eagraíochtaí taighde, agus conairí ar leibhéal an Aontais, atá struchtúrtha timpeall na dtosca d'ailíniú, spreagadh agus tacaíocht;

- Múnlaí, dea- chleachtais agus moltaí a shainathint chun soghluaisteacht idirearnálach a chur chun cinn i dtrí chatagóir: (i) comhar idir an saol acadúil agus saol an ghnó a neartú, (ii) tallann a uas- sciliú agus a athsciliú chun éileamh an ghnó a chomhlíonadh nó acmhainneacht a fhorbairt i dtacaíocht taighde agus nuálaíochta, (iii) fiontraíocht agus cruthú gnó;
- Is féidir le cosaint shóisialta agus a hinaistritheacht soghluaisteacht taighde idirnáisiúnta a dhíspreagadh nó a dhéanamh níos casta. Bíonn cineálacha éagsúla bearnaí cosanta sóisialta ann de bharr soghluaisteachta agus déantar an difear is mó do thaighdeoirí soghluaiste. An chéad bhearna mhór ná na stádais fostaíochta éagsúla agus an tionchar a bhíonn acu ar chosaint shóisialta. Féadann teidlíochtaí cosanta sóisialta difriúla a bheith ann nuair a athraítear an stádas fostaíochta nuair a aistrítear idir tíortha. Mar shampla, nuair a aicmítear taighdeoirí PhD mar mhic léinn in ionad fostaithe, féadfaidh cumhdach cosanta sóisialta teoranta a bheith acu nó cumhdach cosanta sóisialta ar bith. Anuas air sin, is minic a bhíonn teorainn leis an bhfaisnéis a sholáthraítear do thaighdeoirí soghluaiste agus is minic go mbíonn teorainn le cáilíocht na faisnéise sin. Is ann do bhearnaí sonracha i ndáil le cineálacha sonracha cosanta sóisialta. Is é an pinsean, go háirithe an pinsean forlíontach, an t- ábhar inní is mó gan amhras toisc go bhféadfar nach mbainfeadh taighdeoirí soghluaiste ag a bhfuil conarthaí gearrthéarmacha minice acu na tréimhsí dílseacháin a shainítear do na scéimeanna pinsin fhorlíontaigh amach. I gcás na dífhostaíochta, cuirtear an taifead fostaíochta roimhe sin, gan beann ar an tír, san áireamh nuair a dhéantar cinneadh maidir le rochtain ar shochair dífhostaíochta agus méid na sochar dífhostaíochta.
- Modheolaíocht agus táscairí chun faireachán a dhéanamh ar ghairmeacha taighde ar bhonn sonraí atá ann cheana in éineacht le cur chuige bunaithe ar shuirbhé i gceithre ghné: poist, dálaí, scileanna agus soghluaisteacht (réamhobair le haghaidh faireachlann gairmeacha taighde).

Reáchtáladh gníomhaíochtaí comhairliúcháin breise le Ballstáit, Tíortha Comhlachaithe Fís Eorpach, agus páirtithe leasmhara, i gcomhthéacs na hoibre ar thogra an Choimisiúin le haghaidh Moladh ón gComhairle ‘maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip’⁴¹, agus ar Chláir Oibre Beartais LET, go háirithe Gníomhaíocht 4 arb é is aidhm di ‘Gairmeacha taighde tarraingteacha agus inbhuanaithe, cúrsaíocht chothrom tallainne agus soghluaisteacht idirnáisiúnta, trasdisciplíneach agus idirearnálach ar fud LET a chur chun cinn’.

Cuirtear san áireamh sa togra seo freisin obair Thascfhórsa Thriantán CLETN maidir leis an athbhreithniú ar an gCairt agus ar an gCód do Thaighdeoirí, an t-ionchur a fuarthas i gcomhthéacs na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara don Straitéis Eorpach

⁴¹ Bailíodh tuairimí páirtithe leasmhara iomadúla ag roinnt imeachtaí. Go sonrach, sholáthar Fóram LET um Aistriú (arna bhunú mar shainghrúpa neamhfhoirmiúil den Choimisiún) comhairle don Choimisiún, agus bhíothas in ann tuairimí na mBallstát agus páirtithe leasmhara a chur san áireamh ar bhealach struchtúrtha dá bharr. Iarradh ar pháirtithe leasmhara agus ar bhrateagraíochtaí ábhartha a gcuid tuairimí a roinnt (e.g. ag ceardlanna an 20 Aibreán agus an 25 Bealtaine 2021). Reáchtáladh comhairliúchán poiblí idir an 15 Aibreán agus an 13 Bealtaine 2021 freisin chun tuairimí an mhórhobail a bhailiú.

d'Ollscoileanna, agus faisnéis nó staidéir ó thríú páirtithe, lena n-áirítear ECFE. Anuas air sin, comheagraíodh ceardlann thiomnaithe CLETN maidir le taighdeoirí i mí na Nollag 2020 le Tascfhórsa Thriantán CLETN agus leis na Trí Uachtaránacht.

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 182(5) agus Airteagal 292, an chéad abairt agus an dara habairt de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sonraítear in Airteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh sé de chuspóir ag an Aontas a bhoinn eolaíochta agus teicneolaíochta a neartú trí Limistéar Eorpach Taighde a ghnóthú ina mbeidh saorchúrsaíocht ag taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht. I ndáil leis sin, luaitear in Airteagal 180 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go ndéanfaidh an tAontas roinnt gníomhaíochtaí chun na gníomhaíochtaí a dhéantar sna Ballstáit a chomhlánú, lena n-áirítear spreagadh oiliúint agus shoghluaisteacht na dtaighdeoirí san Aontas, agus scaipeadh agus barrfheabhsú thorthaí na ngníomhaíochtaí taighde san Aontas.
- (2) Bhí ról tábhachtach ag Moladh 2005/251/CE ón gCoimisiún⁴² maidir le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí agus do ghairmeacha taighde san Aontas. Tá an Chairt do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Taighdeoirí ('Chairt agus Cód do Thaighdeoirí') ina bpointí tagartha do thaighdeoirí agus d'fhostóirí nó do chisteoirí taighdeoirí, rud a rannchuidíonn le neartú an Limistéir Eorpaigh Taighde agus a thacaíonn le margadh saothair Eorpach atá níos tarraingtí, níos oscailte agus níos inbhuanaithe a fhorbairt do thaighdeoirí. Tá nós imeachta Eorpach lena ndeimhnítear gealltanais agus dul chun cinn institiúide i ndáil le cur chun feidhme phrionsabail na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí, an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4R), i bhfeidhm ó bhí 2008 ann.
- (3) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht', a glacadh an 1 Iúil 2020⁴³, cuirtear i dtábhacht go bhfuil taighdeoirí ar thús cadhnaíochta san eolaíocht agus sa nuálaíocht, agus go dteastaíonn tacair shonracha scileanna uathu chun gairmeacha rathúla a bheith acu sa saol acadúil agus lasmuigh de. Déantar foráil ann maidir le sainmhíniú ar thacsanomaíocht scileanna le haghaidh taighdeoirí, lena n-áirítear faireachán staidrimh ar chúrsaíocht daoine oilte, forbairt Creata Eorpaigh Inniúlachta do Thaighdeoirí, agus tacaíocht a thabhairt chun na scileanna is gá le

⁴² Moladh 2005/251/CE ón gCoimisiún an 11 Márta 2005 maidir leis an gChairt Eorpach do Thaighdeoirí agus maidir le Cód Iompair le haghaidh Earcaíocht Taighdeoirí (IO L 75, 22.3.2005, lch. 67).

⁴³ TEACHTAIREACHT ÓN gCOMHAIRLE, CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN dar teideal An Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht COM(2020) 274 final.

haghaidh na soghluaisteachta idirearnálaí a thabhairt do thaighdeoirí. Leis an gcéad ghníomhaíocht shuaitheanta sa Chlár Oibre Scileanna, Comhshocrú an Aontais um Scileanna, tacaítear le huas- sciliú agus athsciliú trí chomhar idir an tionscal, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus údaráis phoiblí i gcomhpháirtíochtaí scileanna ar mórscála.

- (4) Admhaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘LET Nua don Taighde agus don Nuálaíocht’, a glacadh an 30 Meán Fómhair 2020⁴⁴, go bhfuil gá le dálaí forbartha gairme chun na taighdeoirí is fearr san Eoraip a mhealladh agus a choinneáil sa rás domhanda le haghaidh daoine tréitheacha, agus nach bhfuil feabhas leordhóthanach tagtha ar an bhfostaíocht fhorbhásach le blianta beaga anuas, go háirithe i gcás taighdeoirí luathghairme. Cuirtear i dtábhacht leis freisin an mí- ailíniú a dhéantar go minic idir scileanna taighdeoirí agus riachtanais na sochaí agus an gheilleagair, go háirithe riachtanais an tionscail agus gnólachtaí, agus a thábhachtaí atá sé taighdeoirí a dhreasú chun gairm bheatha lasmuigh den saol acadúil a shaothrú. Chun gairmeacha taighde san Eoraip a neartú, tugtar le fios sa Teachtaireacht go bhfuil gá le bosca uirlisí beart arb é is aidhm dóibh aitheantas a thabhairt do scileanna taighdeoirí, Creat Inniúlachta do Thaighdeoirí a fhorbairt, soghluaisteacht agus malartuithe feabhsaithe idir an saol acadúil agus an tionscal, deiseanna oiliúna spriocdhírthe, agus tairseach ilfhreastail ar ar féidir le taighdeoirí rochtain a fháil le haghaidh réimse leathan seirbhísí tacaíochta. Déantar foráil sa Teachtaireacht freisin maidir le feabhsú an chórais measúnaithe taighde.
- (5) Cuirtear i dtábhacht sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ‘Limistéar Eorpach Taighde Nua’ an 1 Nollaig 2020⁴⁵ gur gnéithe ríthábhachtacha den Limistéar Eorpach Taighde nua iad dálaí oibre tarraingteacha sábháilte a chruthú, agus tarraingteacht gairmeacha taighde a fheabhsú, ar gnéithe iad a chuireann le mealladh agus coinneáil taighdeoirí den scoth, agus eolaíocht oscailte, comhionannas inscne, scileanna digiteacha, measúnú taighde, éagsúlú gairmeacha taighde agus conairí gairme iomadúla á gcur san áireamh.
- (6) Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ‘Limistéar Eorpach Taighde Nua a Dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oile a fhíorú’ an 28 Bealtaine 2021⁴⁶, admhaítear go bhfuil taighdeoirí ag croí chóras taighde agus nuálaíochta na hEorpa, agus go bhfuil gá le gníomhaíocht níos comhordaithe ar an leibhéal Eorpachchun na dúshlán atá roimh thaighdeoirí cheana a sháru d’fhonn gairmeacha taighde leordhóthanacha agus inbhuanaithe a bheith acu, cúrsaíocht chothrom daoine tréitheacha a spreagadh, agus ceann scríbe tarraingteach do thaighdeoirí a dhéanamh den Eoraip. Moltar iontu anailís a dhéanamh ar an bhforbairt a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an gCairt agus ar an gCód do Thaighdeoirí i dtreo creat aonair cuimsitheach, lena dtabharfar aghaidh ar na dúshlán uile a bhaineann le gairmeacha taighde thar luachanna agus prionsabail, agus lena ndíreofar ar na réimsí fostaíochta taighde uile a d’fhéadfadh a bheith ann, agus iarrtar ar an gCoimisiún togra a dhéanamh in 2022. Gnéithe amhail earcaíocht, dreasachtaí do thaighdeoirí luathghairme, éagsúlú gairme agus dul chun cinn gairme, idir- inoibritheacht le hearnálacha uile na sochaí lena n- áirítear an tionscal, measúnú ar thaighdeoirí, comhionannas inscne, cothromaíocht oibre is saoil, agus rialachas agus

⁴⁴ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN LET nua don Taighde agus don Nuálaíocht, COM(2020) 628 final.

⁴⁵ Doiciméad 13567/20 ón gComhairle.

⁴⁶ Doiciméad 9138/21 ón gComhairle.

seirbhísí feabhsaithe le haghaidh EURAXESS, moltar iad mar ghnéithe atá le cur san áireamh sa togra.

- (7) I Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle⁴⁷ áirítear gairmeacha taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí, chomh maith le measúnú ar thaighde, ar thaighdeoirí agus ar institiúidí, mar réimsí tábhachtacha gníomhaíochta i gcomhthéacs na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach ón Aontas agus ó na Ballstáit chun tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde, agus sonraítear ann tacar coiteann prionsabal agus luachanna chun bonn taca a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht san Eoraip. Cuirtear i dtábhacht ann freisin an gá le haird níos mó a thabhairt ar ghairmeacha taighdeoirí luathchéime agus meánchéime, lena n-áirítear bacainní sonracha atá roimh mhná sna céimeanna sin.
- (8) I gClár Oibre Beartais LET atá i gceangal leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde amach anseo’ an 26 Samhain 2021⁴⁸, áirítear gníomhaíochtaí tiomnaithe chun ‘Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar an gcóras measúnaithe le haghaidh taighde, taighdeoirí agus institiúidí chun feabhas a chur ar a gcáilíocht, ar a bhfeidhmíocht agus ar a dtionchar’, agus chun ‘Gairmeacha taighde tarraingteacha inbhuanaithe, cúrsaíocht chothrom tallainne, agus soghluaisteacht idirnáisiúnta thrasdisciplíneach idirearnálach a chur chun cinn ar fud LET’. Déantar foráil sa ghníomhaíocht dheireanach a luaitear maidir le forbairt creata Eorpaigh le haghaidh gairmeacha taighde, chomh maith le huasghrádú na n-ionstraimí agus na dtionscnamh atá ann cheana, agus cinn nua a chruthú. Áirítear leis sin faireachlann um ghairmeacha taighde a sheoladh; forbairt ar an gCairt agus ar an gCód do Thaighdeoirí; Ardán Tallainne LET a bhunú mar thairseach ilfhreastail ar líne chuig seirbhísí, líonra agus tairseacha EURAXESS lena n-áirítear HRS4R, agus RESAVER; tionscnamh ERA4You a sheoladh chun cúrsaíocht tallainne idir earnálacha agus ar fud an Aontais a chur chun cinn; dea- chleachtais a mhalartú i ndáil le córais taighde agus nuálaíochta chun tacú le cúrsaíocht chothrom daoine oilte; agus creat nua do ghairmeacha taighde a phiolótú le comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha.
- (9) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis Eorpach d’Ollscoileanna’, a glacadh an 18 Eanáir 2022⁴⁹, déantar foráil maidir le forbairt creata le haghaidh gairmeacha taighde, i sineirgíocht le creat Eorpach le haghaidh gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe san ardoideachas atá le moladh faoi 2023.
- (10) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht’, a glacadh an 5 Iúil 2022⁵⁰, aithnítear go mbraitheann an nuálaíocht ar dhaoine tréitheacha a chothú, a mhealladh agus a choinneáil go rathúil agus ar réimse éagsúil scileanna, agus cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht idirearnálach.

⁴⁷ Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, (IO L 431, 2.12.2021, lch. 1).

⁴⁸ Doiciméad 14308/21 ón gComhairle.

⁴⁹ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Straitéis Eorpach d’ollscoileanna, COM(2022) 16 final.

⁵⁰ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht COM/2022/332 final.

- (11) I Moladh (AE) 2022/2415 ón gComhairle⁵¹ cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i gcultúr, cleachtais, scileanna agus inniúlachtaí fiontraíochta a fhorbairt le haghaidh taighdeoirí agus gníomhaithe taighde agus nuálaíochta eile, lena n- áirítear idirghabhálaithe, a bhfuil a ngairmiúlú leanúnach fíor- riachtanach, chun uasmhéadú a dhéanamh ar chlaochlú na dtorthaí taighde agus nuálaíochta ina réitigh a rachaidh chun tairbhe don tsochaí. Tacóidh Cód Cleachtais maidir le comhar idir an tionscal agus an saol acadúil le cur chun feidhme an Mholta.
- (12) Is acmhainn bhunúsach don tsochaí iad taighdeoirí. Déanann siad taighde, cothaíonn siad an nuálaíocht, cuireann siad le réitigh ar dhúshláin shochoíochta, lena n- áirítear an t- aistriú digiteach agus an t- aistriú glas, rud a rannchuidíonn le tosaíochtaí uileghabhálacha an Choimisiúin le haghaidh ‘Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach’, agus ‘Comhaontú Glas don Eoraip’. Is daoine tréitheacha ardoilte iad taighdeoirí a bhfuil an-acmhainneacht acu freastal ar éileamh mhargadh an tsaothair, rud a rannchuidíonn leis an tosaíocht uileghabhálach ‘Geilleagar a fhóireann do dhaoine’. Tá sé ríthábhachtach a dtimpeallacht oibre fhoriomlán a fheabhsú trí ghairmeacha taighde agus a n- éifeachtúlacht a neartú, agus iad a dhéanamh idir- inoibritheach idir earnálacha.
- (13) Príomhghné den Limistéar Eorpach Taighde is ea tarraingteacht agus cobhsaíocht gairmeacha taighde a fheabhsú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá soiléir le gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí d’fhágálaithe scoile, agus creatdálaí a chur i bhfeidhm chun taighdeoirí tréitheacha a choinneáil san Aontas, chomh maith le ceann scríbe tarraingteach iomaíoch a dhéanamh den Aontas do thaighdeoirí idirnáisiúnta.
- (14) Tá an tallann i gceoilár na nuálaíochta. Tá sé fíor- riachtanach, dá réir sin, dálaí a chruthú chun sreabhadh daoine tréitheacha ardoilte athléimneacha a sheachadadh agus a áirithiú, ar daoine iad a bheidh in ann rannchuidiú le téarnamh agus buntáiste iomaíoch na hEorpa. Cuimsítear leis sin naisc níos láidre idir an saol acadúil agus an tionscal, chomh maith le cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta, inar féidir le daoine tréitheacha na smaointe a fhorbróidh siad a thabhairt chuig an margadh.
- (15) Le breis agus 25 bliana, mar chuid de na Cláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, tá Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie (MSCA) ag tacú le taighdeoirí ó gach cearn den domhan, ar gach céim dá ngairmeacha, agus díreann go sonrach ar oiliúint, scileanna agus forbairt gairme. Bhí tionchar struchtúraithe ag an gclár ar eagraíochtaí (ollscoileanna, ionaid taighde, fiontair, etc.) freisin trí dhea- chleachtais a scaipeadh agus a meallacht agus infheictheacht idirnáisiúnta a mhéadú, go háirithe trí chláir dochtúireachta den scoth a fhorbairt. Is sampla den dea- chleachtas é MSCA i ndáil le rannchuidiú le soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach agus gheografach, forbairt scileanna taighdeoirí, agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne, taighdeoirí tréitheacha a choinneáil agus tallann nua a mhealladh chuig an Eoraip. I dtaca le cláir Dochtúireachta MSCA sa Tionsclaíocht, ina ndéantar taithí taighde, suíomh agus maoirseacht iarrthóra dochtúireachta a chomhroinnt go cothrom idir bunaíocht acadúil agus neamhadúil, is sampla tábhachtach iad den idirghníomhaíocht agus den chomhar idir gníomhaithe éiceachórais, lena gcothaítear scileanna idirdhisciplíneacha agus soghluaisteacht idirearnálach, agus lena gcabhraítear le riachtanais na hearnála tionsclaíochta maidir le daoine ardoilte tréitheacha.

⁵¹ Moladh (AE) 2022/2415 ón gComhairle an 2 Nollaig 2022 maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais (IO L 317, 9.12.2022, lch. 141).

- (16) Léiríonn sonraí Eurostat go bhfuil méadú ag teacht ar an líon taighdeoirí san Eoraip. In 2021, bhí 2 mhilliún taighdeoir (i gcoibhéis lánaimseartha) ag obair sna Ballstáit, 627 míle sa bhreis ar an líon a bhí ann in 2011. Oibríonn formhór na dtaighdeoirí san earnáil fiontraíochta (56 %) agus in earnáil an ardoideachais (32 %), agus ina dhiaidh sin in earnáil an rialtais (11 %). Tá sé tábhachtach an treocht mhéadaitheach sin a chothú le hinfheistíochtaí, bonneagar agus beartais leordhóthanacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais lena dtacófar le tarraingteacht gairmeacha taighde, lena n- áirítear i ndáil le héagsúlacht agus combhionannas inscne, agus chun cultúr de luach agus luaíocht chothrom do ghairmeacha taighde a chur chun cinn in earnálacha uile na sochaí.
- (17) Tá gá le sainmhíniú soiléir coiteann maidir le ‘taighdeoir’ ar an leibhéal Eorpach, amhail, mar shampla, an sainmhíniú ar Lámhleabhar Frascati a bhfuil glacadh forleathan leis, agus le comhthuiscint ar ghairmeacha taighde. Ba cheart na gairmeacha taighde a bheith beartaithe mar ghairmeacha ar féidir le taighdeoirí dul iontu i ngach earnáil ábhartha, ina gcuimsítear an saol acadúil (ollscoileanna, polaiteicnicí agus institiúidí taighde), gnó (lena n-áirítear saotharlanna tionsclaíocha, gnólachtaí nuathionscanta, seach-chuideachtaí nó fiontair bheaga agus mheánmhéide), comhlachtaí riaracháin phoiblí (lena n-áirítear saotharlanna poiblí agus an córas cúraim sláinte), agus an earnáil neamhbhrabúis. Tá gá le hiarrachtaí chun aitheantas iomlán a thabhairt do ghairm an taighde, agus chun díriú ar inchomparáideacht na ngairmeacha taighde ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha, lena n-áirítear trí phróifílí taighdeoirí R1-R4 a tugadh isteach in 2011 a thabhairt cothrom le dáta agus trí úsáid níos leithne a bhaint astu i bhfolúntais do thaighdeoirí.
- (18) Chun taighde agus nuálaíocht ardleibhéil a dhéanamh, ní mór tacú leis an iliomad ról bainistíochta taighde, arna ndéanamh ag taighdeoirí nó ag gairmithe eile. Ní mór aitheantas cuí a thabhairt do na gairmeacha fíorluachmhara sin, lena n-áirítear trí bhíthin tuilleadh anailíse agus ailínithe ar leibhéal an Aontais, d’fhonn a n-acmhainneacht a neartú, oiliúint ábhartha a fhorbairt, inchomparáideacht a chothú, agus cur ar a gcumas dóibh an taighde agus an nuálaíocht a bhainistiú go héifeachtach agus tacú leo.
- (19) Tugadh an t-Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) cothrom le dáta in 2022 chun tacsanomaíochtaí feabhsaithe scileanna agus gairmeacha do thaighdeoirí a áireamh, agus ar an gcaoi sin na gairmeacha atá ábhartha do thaighdeoirí ar fud earnálacha mhargadh an tsaothair a shonrú, chomh maith leis na scileanna idirdhisciplíneacha a theastaíonn ó thaighdeoirí chun go mbeidh rath orthu. Le cur chun feidhme aicmiú ESCO in EUROPASS agus sa líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), éascaítear glacadh na téarmaíochta feabhsaithe sin sa mhargadh saothair. Tá gá le hidirghníomhaíocht idir an Coimisiún agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair chun an chatagóir shonrach le haghaidh ‘taighdeoir’ a áireamh sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha (ISCO), an t- aicmiú ar a bhfuil aicmiú ESCO bunaithe.
- (20) Mar a aithnítear in Airteagal 13 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus mar a luítear i nDearbhú Bonn maidir le Saoirse an Taighde Eolaíoch an 20 Deireadh Fómhair 2020, i Communiqué na Róimhe maidir le Limistéar Eorpach an Ardoideachais an 19 Samhain 2020, agus i Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle, ní mór saoirse acadúil agus saoirse an taighde eolaíoch a chosaint mar réamhriachtanais fhíor- riachtanacha le haghaidh taighdeoirí chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn. I ndáil leis sin, d’fhoilsigh an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre in Eanáir 2021 maidir leis an mbealach chun an cur isteach

eachtrach ar thaighde agus ar nuálaíocht a mhaolú. Leagtar amach san fhoilseachán na dea- chleachtais chun tacú le hinstiúidí ardoideachais agus taighde a mbunluachanna a chosaint, lena n- áirítear an tsaoirse acadúil, an tsláine agus neamhspleáchas institiúideach, chomh maith lena bhfoireann, mic léinn, torthaí taighde agus sócmhainní a chosaint.

- (21) Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i measc taighdeoirí, arb ionann iad agus 33 % de dhaonra iomlán na dtaighdeoirí san Aontas. Léirítear sna sonraí freisin go bhfuil céatadán níos airde de thaighdeoirí ban fostaithe in earnáil an ardoideachais, i gcomparáid le taighdeoirí fir, ach go bhfuil a gcéatadán níos ísle in earnáil an rialtais agus in earnáil an ghnó. Ar fud an Aontais, tá sciar níos airde de thaighdeoirí ban, i gcomparáid le fir, ag obair go páirtaimseartha agus faoi chonarthaí forbhásacha san ardoideachas (11 % do mhná agus 7 % d'fhir) agus níl ach 26 % de na poist acadúla is fearr ag mná (ollúnacht iomlán nó post taighdeora coibhéiseach). Is gá aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne mharthanacha i ngairmeacha taighde go héifeachtach – lena n- áirítear bearna phá idir na hinscní, claontachtaí inscne i ndáil le measúnú, saincheisteanna maidir le cothromaíocht oibre is saoil chomh maith le foréigean inscnebhunaithe, ar saincheisteanna iad uile a dhéanann difear do rannpháirtíocht agus forbairt gairmeacha – trí athrú institiúideach, lena n- áirítear trí ionstraim na bpleananna cuimsitheacha um chomhionannas inscne. Thairis sin, tá gá le hiarrachtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht na mban i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM) sa taighde agus sa nuálaíocht, chomh maith le hearnáil an ardoideachais, mar a chuirtear i dtábhacht sa straitéis Eorpach d'ollscoileanna ina moltar forógra ó ollscoileanna atá dírithe ar STE(A)M maidir le hoideachas STE(A)M atá inscne- chuimsitheach.
- (22) Chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt iomlán phearsanta agus ghairmiúil taighdeoirí san Aontas, agus taighdeoirí luathghairme go háirithe, tá sé fíor- riachtanach aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá ann cheana a bhfuil iarmhairtí diúltacha acu ar chóras foriomlán an taighde agus na nuálaíochta san Aontas, agus ar an margadh inmheánach le haghaidh taighde. Áirítear ar na dúshlán sin gnéithe den fhostaíocht agus de dhálaí oibre, amhail stádas difriúil mac léinn/fostaithe i measc iarrthóirí dochtúireachta ar fud na mBallstát, an easpa earcaíochta oscailte, trédhearcacha agus bunaithe ar fhiúntas a bhíonn ann go minic, éiginnteacht a bhaineann le conarthaí gearrthéarmacha tionscadalbhunaithe, comhionannas deiseanna míshásúla, cothromaíocht oibre is saoil agus bearta folláine, agus laigí in uirlisí cosanta sóisialta, lena n-áirítear deacrachtaí maidir le hinaistritheacht teidlíochtaí idir earnálacha agus na Ballstát.
- (23) Maidir le hinfhostaitheacht agus forbairt gairme taighdeoirí luathghairme, thairbheoidís de dhreasachtaí tiomnaithe i ndáil lena n- earcaíocht, amhail dreasachtaí airgeadais agus cosanta sóisialta, lena n- áirítear deiseanna le haghaidh conarthaí buana nó neamhiata i gcomhréir le rún Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcomhaontú réime maidir le hobair théarma shocráithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích⁵². I ndáil leis sin, d'fhéadfaí úsáid níos leithne de chistiú bonnlíne nó de chistiú taighde saolré a chur chun cinn in éineacht le cistiú tionscadalbhunaithe. Le cistiú bonnlíne, soláthraítear réamh- mheastachán ar thacaíocht airgeadais ráthaithe d'ollscoileanna nó d'ionaid taighde mar chúiteamh ar chomhlíonadh spriocanna insoláthartha agus caighdeán cáilíochta; is saintréith de chistiú saolré é comórtas tosaigh le haghaidh cistiú a dhéantar a athnuachan má dhéantar measúnú dearfach air tar éis próiseas faireacháin.

⁵² Treoir 1999/70/CE ón gComhairle, an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcomhaontú réime maidir le hobair théarma shocráithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

Leis sin, ligtear d’eagraíochtaí taighde straitéisí taighde níos fadtéarmaí a fhorbairt agus tabhairt faoi ghealltanais inbhuanaithe i leith fostaithe, agus cistiú tionscadalbhunaithe á úsáid chun leanúint de chláir oibre nua a fhiosrú.

- (24) Mar a dhearbhaítear in Airteagal 22 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, tá sé de cheart ag cách, mar bhall den tsochaí, cosaint shóisialta a bheith acu agus tá siad i dteideal na cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha atá fíor-riachtanach don dínit agus d’fhorbairt shaor pearsantachta a fhíorú. Luaitear in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nach mór an ráthaíocht maidir le cosaint shóisialta leordhóthanach a chur san áireamh agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. Luaitear i bPrionsabal 15 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta go bhfuil an ceart ag oibrithe agus ag daoine féinfhostaithe ar scor araon pinsean a fháil atá i gcomhréir lena ranníocaíochtaí agus ioncam leordhóthanach a áirithiú. Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag taighdeoirí soghluaiste pinsin fhorlíontacha leordhóthanacha a charnadh mar thoradh ar thréimhsí dílseacháin, ardtáillí aistrithe, litearthacht airgeadais theoranta agus ualach riaracháin ag aois scoir. Dá bhrí sin, ba cheart na coimircí atá bunaithe ar an Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le ‘Rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe’⁵³ a áirithiú do thaighdeoirí.
- (25) I daca le RESAVER, an institiúid uile-Eorpach a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún a dhéileálann le soláthairtí pinsean ceirde d’eagraíochtaí a dhéanann taighde agus a bheidh ar cheann de na comhpháirteanna d’Ardán Tallainne LET atá ar na bacáin, tá an acmhainneacht iomlán ann chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta sóisialta na dtaighdeoirí soghluaiste, ach cuirtear bac ar a ghlacadh mar gheall ar fheasacht theoranta agus constaicí substaintiúla riaracháin agus dlíthiúla. D’fhonn cearta pinsin ceirde taighdeoirí soghluaiste a chosaint, ba cheart faisnéis faoin gcaoi a bhféadfadh soghluaisteacht fhéideartha difear a dhéanamh do chearta pinsin a chur ar fáil, agus ba cheart rannpháirtíocht eagraíochtaí taighde in RESAVER a chur chun cinn.
- (26) Tá soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach agus chothrom ó thaobh na geografaíochta fíor-riachtanach chun gairmeacha taighde san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, níos inbhuanaithe agus níos tarraingtí. Leis an tsoghluaisteacht sin, éiríonn an córas foriomlán taighde agus nuálaíochta níos iomaíche, agus cothaíonn sé táirgeadh, cúrsaíocht agus úsáid eolais níos fearr. Ba cheart na cineálacha soghluaisteachta sin a chur chun cinn, a dhreasú agus a chomhtháthú go leordhóthanach i bhforbairt ghairmiúil na dtaighdeoirí, agus ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh chun díothú bacainní de chineál ar bith a atá ann cheana a chur chun cinn, lena n-áirítear e.g. inaistritheacht theoranta deontas.
- (27) Bheadh gá le hathrú cur chuige ón saol acadúil agus ó thaighdeoirí, lena measfaí gairmeacha taighde a bheith go hiomlán idir-inoibritheach agus idirearnálach, lena ngabhfadh luach chothrom sa chóras luaíochta maidir le gairmeacha a dhéantar sna hearnálacha uile agus nach ndéanfaí soghluaisteacht gheografach, idirdhisciplíneach agus idirearnálach nó sosanna gairme a phionósú, lena n-áirítear saoire shabóideach nó saoire tuismitheora, agus lena gcuirfeadh taighdeoirí gairmeacha sa saol acadúil agus lasmuigh de san áireamh gan idirdhealú.
- (28) I gcásanna áirithe, tá oiliúint dochtúireachta dírithe go príomha ar ghairm sa saol acadúil amach anseo, agus ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach leis an oiliúint

⁵³ Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (2019/C 387/01) (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

sin an réimse leathan gairmeacha atá ábhartha do thaighdeoirí ar fud na n-earnálacha, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le fiontraíocht taighdeoirí a chothú. Tá sé thar a bheith tábhachtach scileanna idirdhisciplíneacha a thabhairt do thaighdeoirí trí oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chomh maith le scileanna taighde láidre, le haghaidh deiseanna gairme, soghluaisteacht idirearnálach agus nuálaíocht níos fearr, agus chun gairmeacha taighde san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí. Thairis sin, bheadh sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ag taighdeoirí ar an bhfreagracht shochoaíoch atá acu agus ar thionchar sochoaíoch a dtaighde, lena n- áirítear gnéithe a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

- (29) Beidh ról lárnach ag an gCreat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp) a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí i dtaca le tacar leathan scileanna idirdhisciplíneacha a thabhairt do thaighdeoirí agus an bharna scileanna idir an saol acadúil agus gach earnáil ábhartha eile a dhúnadh. Ba cheart oiliúint dochtúireachta, agus deiseanna oiliúna spriocdhírthe, a fhorbairt de réir na n-inniúlachtaí a dtugtar tuairisc orthu ann, lena n-áirítear bunaithe ar mhalartú deachleachtas, chun go bhféadfar taighdeoirí a uas-sciliú agus a athsciliú ó thaobh dearcadh fadsaoil de. Ba cheart sásraí leordhóthanacha aitheantais agus bailíochtaithe le haghaidh deiseanna oiliúna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a áirithiú, lena n- áirítear oiliúint le linn na hoibre.
- (30) Chun a áirithiú go ndéanfar oiliúint taighdeoirí a fhorbairt nó a chomhfhorbairt ar bhonn riachtanais scileanna iarbhír, idirghníomhaíocht agus comhar idir an saol acadúil, gnó, riarachán poiblí, an earnáil neamhbhrabúis, agus gach gníomhaí ábhartha eile san éiceachóras, ba cheart í a chur chun cinn, lena n-áirítear mar shampla i ndáil le hintéirneachtaí, tréimhsí oiliúna nó scáthfhoghlaim.
- (31) Tá sé ríthábhachtach meon fiontraíochta agus na hinniúlachtaí gaolmhara i dtaighdeoirí a chothú, lena n-áirítear inniúlachtaí chun infheisteoirí agus caipiteal a lorg, chun feabhas a chur ar luachshocrú eolais agus ar smaointe nuálacha a chlaochlú ina seirbhísí agus ina dtáirgí nua a bhfuil acmhainneacht níos airde iontu maidir le glacadh sa mhargadh, fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus sochair shochoaíoch. Chun go n-éireoidh le conair fiontraíochta, ba cheart sócmhainní intleachtúla amhail foilseacháin, sonraí, fios gnó agus maoin intleachtúil a thuiscint go cúí agus a bhainistiú go héifeachtúil dá dtagraítear i Moladh 2008/416/CE ón gComhairle⁵⁴.
- (32) Le cúrsaíocht tallainne trasearnála, idir- inoibríteacht fheabhsaithe post taighde agus nuálaíochta idir earnálacha, agus comhar neartaithe idir an saol acadúil agus saol an ghnó le haghaidh aistriú eolais agus tallainne araon, éilítear meascán de bhearta éagsúla agus de bhearta comhlántacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n- áirítear athchóiriú córais. Le cur chuige beartais lena mbaineann foghlaim fhrithpháirteach ar bhonn samhlacha rathúla do scéimeanna soghluaisteachta idirearnálacha, is féidir rannchuidiú le (i) comhar idir lucht acadúil/neamhacadúil a neartú, agus éiceachórais nuálaíochta a threisiú, (ii) feabhas a chur ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do thaighdeoirí, do nuálaithe, agus do dhaoine tréitheacha eile sa taighde agus sa nuálaíocht, lena n-áirítear uas-sciliú chun acmhainneacht tacaíochta a fhorbairt, agus (iii) borradh a chur faoi fhorbairt scileanna fiontraíochta do thaighdeoirí.

⁵⁴ Moladh 2008/416/CE ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2008 maidir le maoin intleachtúil i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais a bhainistiú agus Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí taighde poiblí eile (IO L 146, 5.6.2008, lch. 19).

- (33) Ba cheart taighdeoirí a chur ar an eolas faoina ríthábhachtaí atá ceapadh beartais agus bearta beartais i réimse an taighde, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ghairmeacha taighde foriomlána agus ar an gcóras taighde agus nuálaíochta. Bheadh sé tábhachtach go n-áireofaí an tuiscint sin san oiliúint dochtúireachta agus go gcothófaí í, d'fhonn níos mó rannpháirtíochta ag taighdeoirí a áirithiú i gníomhaíochtaí ceaptha beartais a bhaineann leis an réimse taighde.
- (34) Ba cheart taighdeoirí, go háirithe taighdeoirí luathghairme, a chur ar an eolas faoi na hionchais atá ar fáil i ngach earnáil agus faoin bhféidearthacht na deiseanna sin a shaothrú chun a speictream forbartha pearsanta agus gairmiúla a leathnú. Tá ról tábhachtach ag seirbhísí comhairleachta agus tacaíochta gairme, atá saincheaptha do riachtanais na dtaighdeoirí, chun soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach, gheografach agus fhíorúil a spreagadh, agus maidir leis an bhféidearthacht gníomhaíochtaí fiontraíochta a fhorbairt. Ba cheart soghluaisteacht idirinstiúideach a chur chun cinn, go háirithe idir próifílí éagsúla instiúidí ardoideachais agus taighde agus feadh conairí acadúla éagsúla agus solúbtha, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhaineann leis na hinniúlachtaí a forbraíodh san instiúid roimhe sin, agus leis na bacainní a éilítear sa cheann nua.
- (35) Le measúnú taighde, ba cheart go mbeifí in ann meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighdeoirí agus taighde chun an cháilíocht agus an tionchar is airde a bhaint amach. Mar a léiríodh i nglao Pháras 2022 maidir le measúnú taighde, sa tuarascáil scóipe 'I dtreo athchóiriú ar an gcóras measúnaithe taighde' a d'fhoilsigh an Coimisiún in 2021 agus bunaithe ar chomhairliúchán leathan leis na páirtithe leasmhara, sna Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Measúnú taighde agus cur chun feidhme na hEolaíochta Oscailte' an 10 Meitheamh 2022⁵⁵, agus sa Chomhaontú maidir le Measúnú Taighde a Athchóiriú a foilsíodh i mí Iúil 2022, chun meastóireacht chuí a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní mór aitheantas a thabhairt d'aschuir, gníomhaíochtaí agus cleachtais taighde atá ag éirí níos éagsúla, lena n-áirítear comhar agus comhroinnt oscailte aschuir, agus lena n-áirítear ardchaighdeán sláine taighde. Ba cheart, dá bhrí sin, measúnú ar thaighdeoirí a aistriú go cur chuige níos cothroime idir meastóireacht chainníochtúil agus meastóireacht cháilíochtúil ar thaighde, trí mheasúnú cáilíochtúil le hathbhreithniú píaraí a roghnú, agus úsáid fhreagrach táscairí cainníochtúla mar thaca leis sin.
- (36) Leis an measúnú ar thaighdeoirí ba cheart cothromaíocht idir aitheantas agus luaíocht do ghairmeacha taighdeoirí a chur chun cinn, gan beann ar earnáil na fostaíochta nó na gníomhaíochta, agus ba cheart dó a bheith bunaithe ar chur chuige neamhchlaonta bunaithe ar thallann. Ní mór aitheantas iomlán agus breithniú iomlán a thabhairt ar chonair ghairme iolrach, arb é is príomhthréith di soghluaisteacht gheografach, earnálach agus idir-eagraíochta, nó ar chonairí hibrídeacha arb é is príomhthréith dóibh an cumasc comhuaineach d'earnálacha, agus é sin ar aon dul le conair ghairme líneach.
- (37) Chun gairmeacha sa saol acadúil a athneartú, tá gá le poist 'suas go dtí an barr' agus córas aontachais agus dul chun cinn trédhearcach, struchtúrtha, cuimsitheach agus comhionann ó thaobh na hinscne de. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh chun na críche sin ar leibhéal na mBallstát agus na n-eagraíochtaí déanta taighde ar chórais atá cosúil le conair na tionachta, atá le ceapadh mar chonradh ar théarma seasta lena ngabhfaidh dul chun cinn chuig post buan faoi réir meastóireacht dhearfach.

⁵⁵ Doiciméad 10126/22 ón gComhairle.

- (38) D’ainneoin iarrachtaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, tá saincheist na himirce tallainne ó réigiúin bheagfhorbartha san Aontas fós ann, mar a léiríodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Leas a bhaint as tallann i réigiúin na hEorpa’⁵⁶, agus tá gá le bearta breise chun soghluaisteacht gheografach níos cothroime a bhaint amach do thaighdeoirí. Léiríonn anailísí 2021-2022 an Choimisiúin maidir le cúrsaíocht tallainne rannchuidiú dearfach na ngníomhaíochtaí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais chun cúrsaíocht tallainne níos cothroime a spreagadh, ach ina theannta sin, saináithnítear iontu dúshlán leanúnacha agus soláthraítear leo bealaí le haghaidh inimirce daoine oilte. Sa chomhthéacs sin, tá ról an-tábhachtach ag timpeallachtaí taighde den scoth, ag dálaí oibre tarraingteacha agus ag luach saothair atá i gcomhréir le cáilíochtaí gairmiúla agus leis na gníomhaíochtaí a dhéantar, ach is minic a bhíonn gá le hathchóiriú ar na córais náisiúnta taighde agus nuálaíochta. Ba cheart cur chuige beartais, arb é is aidhm dó tacaíocht a thabhairt do chlaochluithe córais den sórt sin agus iad a dhreasú, a shaothrú, lena n-áirítear cleachtaí foghlama frithpháirtí ar bhonn conairí rathúla lena féidir cúrsaíocht tallann níos cothroime a bhunú sna Ballstáit.
- (39) I dtaca le EURAXESS, tionscnamh uathúil uile-Eorpach lena gcuirtear faisnéis agus seirbhísí tacaíochta saor in aisce ar fáil do thaighdeoirí agus dá dteaghlaigh, is é is príomhchuspóir dó tacú le soghluaisteacht agus forbairt gairme taighdeoirí, agus píblíne tallann inbhuanaithe a áirithiú do réimse an taighde agus na nuálaíochta agus an comhar eolaíoch idir an tAontas agus an domhan a fheabhsú. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chuspóir sin, ba cheart do EURAXESS a fhaisnéis a leathnú, ar fhaisnéis í lena soláthraítear agus lena dtacaítear le gníomhaíochtaí do thaighdeoirí agus d’institiúidí ardoideachais agus taighde, le struchtúr barrfheabhsaithe seirbhísí agus rialachais, le heispéireas feabhsaithe digiteach agus úsáideoirí agus le hidir-inoibritheacht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais amhail Europass agus EURES. Thairbheodh éifeachtacht agus comhleanúnachas thairseacha faisnéise agus sheirbhísí EURAXESS d’acmhainní airgeadais agus d’acmhainní daonna neartaithe na n-eagraíochtaí náisiúnta cinn droichid, go háirithe i ndáil le cur chun feidhme tionscnamh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, lena ngiarálfar an bonn saineolais agus dáileadh na gcúraimí i measc eintitis EURAXESS ar an leibhéal náisiúnta agus faireachán á dhéanamh ar fheidhmíocht agus torthaí á dtomhas san am céanna.
- (40) Chun go bhfanfaidh an tAontas iomaíoch ar fud an domhain, ní mór dó a bheith níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha ó gach cearn den domhan. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach’, a glacadh an 27 Aibreán 2022⁵⁷ cuirtear i dtábhacht gur gá don Aontas feabhas a chur ar a tharraingtí atá sé do thallann dhomhanda, go háirithe tríd an nuálaíocht agus tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn san Aontas agus trí fhéachaint ar bhealaí eile a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le himirce dhleathach chuig an Aontas sa mheántearma agus san fhadtearma. Ba chéim thábhachtach é an t-athbhreithniú ar

⁵⁶ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa, an 17 Eanáir 2023, COM(2023) 32 final.

⁵⁷ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN dar teideal Scileanna agus tallann a mhealladh chuig an Aontas Eorpach, COM/2022/657 final.

Threoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁸ chun tarraingteacht an Aontais a fheabhsú ionas gur féidir le himircigh ardcháilithe tairbhiú de chearta feabhsaithe chomh maith le nósanna imeachta níos tapúla agus cuíchóirithe. Le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁹, rannchuidítear freisin leis na cuspóirí sin trína dhéanamh níos éasca agus níos tarraingtí do mhic léinn agus do thaighdeoirí teacht chuig an Aontas Eorpach agus, an tráth céanna, cúrsaíocht eolais agus scileanna a chur chun cinn trí chearta feabhsaithe soghluaisteachta laistigh den Aontas.

- (41) Ní mór an Chairt agus an Cód do Thaighdeoirí a athbhreithniú chun freagairt don réaltacht nua agus do na dúshláin reatha atá roimh thaighdeoirí agus institiúidí, lena n-áirítear combhionannas inscne agus cuimsitheacht a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, chomh maith le cleachtais Eolaíochta Oscailte. Ba cheart an leagan nua a chuíchóiriú chun a chur chun feidhme a shimpliú agus ba cheart a ghlacadh lasmuigh den earnáil acadúil a chur chun cinn. Leis an athbhreithniú, níor cheart dochar a dhéanamh do na hinstiúidí a d'fhorhuinigh prionsabail na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí atá ann cheana. Ba cheart a mheas go leanann siad de bheith ag formhuiniú na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí sa leagan nua. Ba cheart feidhm a bheith aige sin go háirithe maidir leis na hinstiúidí atá i bpróiseas HRS4R, arb é formhuiniú na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí an chéad chéim.
- (42) Tá gá le faireachlann maidir le gairmeacha taighde, ina gcomhcheanglófar in aon áit amháin na sonraí is fearr de shonraí an Aontais atá ann faoi láthair, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beart chun gairmeacha taighde agus athchóirithe córais a neartú. Ba cheart di tacú le riachtanais sonraí na mBallstát agus na n-eagraíochtaí a dhéanann taighde atá ábhartha chun beartais le haghaidh gairmeacha taighde a oiriúnú a fhorbairt. Ba cheart di tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí chun go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar dhúshláin agus ar dheiseanna agus tarraingteacht eagraíochtaí na hEorpa a dhéanann taighde a chur chun cinn le haghaidh na ndaoine tréitheacha is fearr. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar naisc ábhartha leis an bhFaireachlann Eorpach um Earnáil an Ardoideachais a mholtar sa Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna. D'fhéadfaí sonraí arna mbailiú i gcur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰ a oiriúnú chun freagairt do riachtanais úsáideoirí na bhfaireachlann um ghairmeacha taighde.
- (43) Ionas go mbeidh rath ar an gcreat Eorpach chun tallanna taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, tá gá le gealltanas ó na Ballstáit agus ó na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann. Go háirithe, maidir le comhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais, amhail na cinn a bunaíodh faoi Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha agus a fhaigheann tacaíocht ó Chlár

⁵⁸ Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilithe, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle (IO L 382, 28.10.2021, lch. 1).

⁵⁹ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

⁶⁰ Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

Erasmus+ agus ó na Cláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, chomh maith leis an earnáil ardoideachais i gcoitinne agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile, d'fhéadfaí iad a spreagadh ar bhonn deonach agus de réir cur chuige ó bhun aníos, chun cur le cur chun feidhme leathan an chreata trí ghníomhachtaí ábhartha a phiólótu.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Sainmhíniú ar thaighdeoirí sa Limistéar Eorpach Taighde, agus ar na gairmeacha taighde

1. Chun críocha an Mholta seo:

Ciallaíonn 'taighdeoirí' gairmithe atá ag gabháil d'eolas nua a cheapadh nó a chruthú. Déanann siad taighde agus déanann siad coincheapa, teoiricí, samhaltacha, ionstraimí teicnící, bogearraí nó modhanna oibríochtúla a fheabhsú nó a fhorbairt. Féadfaidh taighdeoirí a bheith páirteach, go hiomlán nó go páirteach, i gcineálacha éagsúla gníomhaíochtaí (mar shampla taighde bunúsach nó taighde feidhmeach, forbairt thurgnamhach, oibriú trealaimh taighde, bainistíocht tionscadal) in aon earnáil den gheilleagar nó den tsochaí. Sainaithníonn taighdeoirí roghanna le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha nua, agus déanann siad pleananna ina leith agus bainistíonn siad iad trí úsáid a bhaint as scileanna agus eolas ardleibhéil a fhorbraítear trí oideachas agus oiliúint fhoirmiúil nó trí thaithí phraiticiúil ar thaighde a dhéanamh.

2. Is féidir na gairmeacha taighde a dhéanamh, le luach cothrom, i ngach earnáil a dhéanann taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear an saol acadúil, gnó, saotharlanna rialtais agus an riarachán poiblí, agus an earnáil neamhbhrabúis, inar féidir le scileanna, eolas agus dearchtaí taighdeoirí dul chun tairbhe do shochaí na hEorpa, don chóras taighde agus nuálaíochta, agus don gheilleagar.

3. Áirítear ar ghairmeacha taighde gairmeacha i mbainistíocht taighde, gairm a fhéadann taighdeoirí agus gairmithe eile a dhéanamh chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Féadfaidh aon cheann de na cúraimí neamh-uileghabhálacha seo a leanas a bheith i gceist leo:

- (a) pleanáil, forbairt, bainistiú, riar, cumarsáid agus luachshocrú taighde agus nuálaíochta a chuíchóiriú nó a éascú;
- (b) comhlíonadh cuspóirí beartais, riachtanas clár cistiúcháin, rialacha airgeadais agus rialachán dlí a áirithiú;
- (c) éifeachtúlacht agus éifeachtacht tionscadal/córas taighde agus nuálaíochta a fheabhsú;
- (d) tionchar an taighde agus na nuálaíochta ar an tsochaí a fheabhsú.

4. Ba cheart na taighdeoirí uile, gan beann ar a stádas agus ar a n-earnáil fostaíochta iarbhir, ar taighdeoirí iad a dhéanann gníomhaíocht taighde, a aicmiú de réir na próifíil seo a leanas:

- (a) R1 - Taighdeoir na Chéad Chéime: Taighdeoirí a dhéanann taighde faoi mhaoirseacht suas go dtí PhD nó leibhéal coibhéiseach inniúlachta agus taithí.
- (b) R2 - Taighdeoir Aitheanta: Taighdeoirí ag a bhfuil PhD nó leibhéal coibhéiseach inniúlachta agus taithí nach bhfuil go hiomlán neamhspleách fós i ndáil leis an gcumas atá acu a gcuid taighde féin a fhorbairt, cistiú a mhealladh nó grúpa taighde a stiúradh.

- (c) R3 - Taighdeoir Bunaithe: Taighdeoirí ag a bhfuil PhD nó leibhéal coibhéseach inniúlachta agus taithí a bhfuil leibhéal neamhspleáchais bainte amach acu i ndáil leis an gcumas atá acu a gcuid taighde féin a fhorbairt, cistiú a mhealladh nó grúpa taighde a stiúradh.
 - (d) R4 - Príomhthaighdeoir: Taighdeoirí ag a bhfuil PhD nó leibhéal coibhéseach inniúlachta agus taithí a aithnítear i measc a bpiaraí mar dhuine atá ar thús cadhnaíochta ina réimse taighde.
5. Chun críocha an Mholta seo, ba cheart próifílí R1 agus R2 a mheas mar thaighdeoirí luathghairme, agus ba cheart próifílí R3 agus R4 a mheas mar thaighdeoirí sinsearacha.
- Moltar do na Ballstáit úsáid na dtagairtí do na próifílí a spreagadh sna folúntais uile atá dírithe go sonrach ar thaighdeoirí.
- Seachas Taighdeoir na Chéad Chéime, níor cheart na próifílí a mheas mar chéimeanna ar chonair ghairme inar féidir dul chun cinn a dhéanamh.
- Leagtar amach liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí in Iarscríbhinn I.

Aitheantas gairmeacha taighde, agus idir- inoibritheacht agus inchomparáideacht gairmeacha taighde

- 6. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aitheantas iomlán do na gairmeacha taighde, chun meas agus luaíocht chothrom i ndáil leis na conairí éagsúla gairmeacha taighde a chur chun cinn gan beann ar earnáil na fostaíochta nó na gníomhaíochta, agus bearta a dhéanamh chun idir- inoibritheacht agus inchomparáideacht iomlán gairmeacha taighde a cheadú ar fud na mBallstát, na n- earnálacha agus na n- institiúidí.
- 7. Ba cheart gairmeacha bainistíochta taighde a leagan amach agus a aithint go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais chun a n-acmhainneacht a neartú, oiliúint ábhartha a fhorbairt agus inchomparáideacht a chothú.
- 8. Maidir le conairí neamhlíneacha agus ilghairme, atá beartaithe mar chonairí arb é is saintréith dóibh soghluaisteacht gheografach, dhisciplíneach, idirearnálach agus idir- eagraíochta, nó conairí hibrideacha lena gcomhcheanglaítear earnálacha éagsúla go comhuaineach, ba cheart do na Ballstáit iad a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus ba cheart iad a aithint ar aon dul le conair ghairme líneach lena ngabhann iliomad torthaí gairmiúla. Ba cheart an córas luaíochta a oiriúnú dá réir.
- 9. Moltar do na Ballstáit leaganacha agus nuashonruithe nua ar an Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha a chur chun feidhme, agus aird shonrach á tabhairt ar ghairmeacha beatha agus scileanna taighdeoirí.
- 10. Moltar do na Ballstáit oifigí acmhainní daonna i ngach earnáil a spreagadh chun struchtúir ghairme do thaighdeoirí a mhapaíl de réir na bpróifílí dá dtagraítear i bpointe 4 den Mholadh seo.

Earcaíocht agus dálaí oibre

- 11. Moltar do na Ballstáit nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta taighdeoirí, atá oscailte, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas a chur chun cinn agus tacú leo, gan pionós a ghearradh ar shosanna gairme ná ar shoghluaisteacht idirearnálacha.
- 12. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar comhaontuithe comhchoiteanna agus idirphlé sóisialta éifeachtach, agus go ndéanfar gach beart is gá ionas go ráthóidh

fostóirí agus/nó cisteoirí taighdeoirí dálaí tarraingteacha iomaíocha taighde agus oibre, ina dtabharfar luach, spreagadh agus tacaíocht do thaighdeoirí ag gach céim den ghairm agus gan beann ar chineál a gconartha, is é sin Conradh buan nó Conradh ar théarma seasta. Ba cheart a áirithiú leis sin:

- (a) luach saothair comhréireach, cothromaíocht oibre is saoil agus dálaí solúbthachta oibre a ráthú chun an saol pearsanta, an teaghlach, leanaí agus gairmeacha a chomhcheangal, agus an fholláine fhoriomlán a ráthú, gan dochar do ghairmeacha;
- (b) comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsitheacht a áirithiú do thaighdeoirí ó gach cúlra lena n-áirítear grúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus imeallaithe, agus úsáid na n-ionstraimí um athrú institiúideach a chur chun cinn i measc eagraíochtaí a dhéanann taighde agus eagraíochtaí cistiúcháin, amhail pleananna cuimsitheacha um comhionannas inscne atá oscailte do thrasnuithe idir inscne agus catagóirí sóisialta eile, i gcomhréir leis an gcreat nua don Limistéar Eorpach Taighde agus leis an Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna;
- (c) saoirse an taighde eolaíoch a chosaint ar aon teorannú nó cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear ó ghníomhaithe eachtracha;
- (d) tacaíocht thiomnaithe a thairiscint do thaighdeoirí ar an leibhéal institiúideach i ndáil le dualgais riaracháin a chomhlíonadh;
- (e) gníomhaíochtaí daingne a dhéanamh chun cur i gcoinne fheiniméan na neamhchinnteachta agus chun tacú le slándáil post agus le cobhsaíocht. Ba cheart go n-áireofaí leis sin uastréimhse iomlán na gceapachán ar théarma seasta, agus uastairseach d'aon trian de chonarthaí ar théarma seasta a dhreasú in acmhainní daonna foriomlána na dtaighdeoirí atá ag fostóir ar leith. Moltar tairseach níos ísle mar sprioc d'fhostóirí atá faoin tairseach d'aon trian cheana féin tráth ghlacadh an Mholta seo. Nuair a bhíonn cúraimí taighde buana nó fadtéarmacha nó cúraimí taighde athfhillteacha á gcomhlíonadh, is iad na conarthaí buana nó na conarthaí neamhiata an ionstraim iomchuí;
- (f) úsáid níos leithne de chistiú bonnlíne nó de chistiú taighde saolré a chur chun cinn in éineacht le cistiú tionscadalbhunaithe, ionas go mbeidh eagraíochtaí taighde in ann straitéisí taighde níos fadtéarmaí a fhorbairt agus tabhairt faoi ghealltanais inbhuanaithe i leith fostaithe;
- (g) rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach a ráthú gan beann ar chineál na fostaíochta (e.g. conradh buan, neamhiata, téarma seasta nó deontasbhunaithe), gan dochar do cheart na mBallstát prionsabail bhunúsacha a gcóras slándála sóisialta a shainiú. Ba cheart do na bearta sin a bheith bainteach leis na réimsí seo a leanas, a mhéid a sholáthraítear iad sna Ballstáit:
 - (1) sochair dhífhostaíochta;
 - (2) sochair bhreuiteachta agus cúram sláinte;
 - (3) saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire tuismitheora, agus sochair ghaolmhara;
 - (4) sochair easláine;
 - (5) sochair seanaoise agus sochair mharthanóra;
 - (6) sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galar ceirde.

13. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag taighdeoirí ar fhaisnéis atá cothrom le dáta, cuimsitheach, soláimhsithe agus sothuigte maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí cosanta sóisialta, agus chun a áirithiú go gcaomhnófar agus go gcarfar teidlíochtaí — cibé acu a fhaightear iad trí scéimeanna sainordaitheacha nó deonacha — agus go mbeidh siad inaistrithe thar gach cineál stádas fostaíochta agus féinfhostaíochta agus thar theorainneacha geografacha, earnálacha eacnamaíocha, ar feadh shaol oibre an duine agus idir scéimeanna éagsúla laistigh de bhainse cosanta sóisialta ar leith.
14. Maidir leis na Ballstáit arb é is aidhm dóibh coigilteas i scéimeanna forlíontacha lena ngabhann ranníocaíochtaí sainithe a fheabhsú, moltar dóibh úsáid na réiteach a sholáthraítear le ciste pinsin RESAVER a chur chun cinn, lena ráthaítear nach mbeidh tréimhse dílseacháin ná táillí aistrithe sócmhainní ann.
15. Moltar do na Ballstáit bearta sonracha a ráthú chun tacú le taighdeoirí luathghairme, a chomhfhreagraíonn do phróifíilí R1 agus R2 dá dtagraítear i bpointe 4 den Mholadh seo. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna bearta sin:
 - (a) dálaí oibre, ioncam agus cearta cosanta sóisialta is infheidhme maidir le taighdeoirí ag céimeanna gairme eile a sholáthar d'iarrthóirí dochtúireachta;
 - (b) úsáid na ndreasachtaí do thaighdeoirí luathghairme a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais agus cosanta sóisialta;
 - (c) úsáid na ndreasachtaí d'earcaíocht taighdeoirí luathghairme ag fostóirí sna hearnálacha uile a chur chun cinn agus tacú leo, go háirithe conarthaí buana nó conarthaí neamhiata;
 - (d) soghluaisteacht idirinstiúideach, idirearnálach, idirdhisciplíneach agus gheografach a chur chun cinn agus a luacháil, lena n-áirítear soghluaisteacht fhíorúil;
 - (e) comhar a chur chun cinn idir instiúidí ardoideachais, cisteoirí taighde agus gníomhaithe ábhartha eile san éiceachóras, go háirithe an tionscal agus gnólachtaí eile, maidir le riachtanais scileanna agus soláthar scileanna, ionas go gcothófar earcú taighdeoirí ardoilte agus sainoilte sna hearnálacha lena mbaineann.

Taighdeoirí a bhfuil na scileanna acu do ghairmeacha idirearnálacha agus idirdhisciplíneacha agus don fhiontraíocht agus don nuálaíocht

16. Moltar do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a spreagadh go ndéanfar an oiliúint dochtúireachta a oiriúnú do ghairmeacha idir-inoibritheacha i ngach earnáil ábhartha agus do chleachtas na hEolaíochta Oscailte, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp), as na Prionsabail um Oiliúint Nuálach Dochtúireachta, agus as aon tionscnaimh eile a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo chun scileanna idirdhisciplíneacha taighdeoirí a neartú.
17. Moltar don Choimisiún beart a dhéanamh chun tacú le húsáid an Chreata Eorpaigh Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp) agus an úsáid sin a éascú, malartú dea- chleachtas a chur chun cinn, agus breithniú a dhéanamh ar athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an gCreat Inniúlachta i gcás inar gá ar bhonn fhorbairt an chórais taighde agus nuálaíochta agus an mhargaidh saothair.
18. Moltar do na Ballstáit aird shonrach a thabhairt ar scéimeanna arb é is aidhm dóibh na scileanna a theastaíonn ó thaighdeoirí go luath ina ngairmeacha a neartú chun

bheith páirteach i ngníomhaíochtaí luachshocraithe eolais. Ba cheart a áireamh ar na scéimeanna sin gníomhaíochtaí agus oiliúint múscailte feasachta maidir le hábhair ábhartha, lena n-áirítear bainistíocht sócmhainní intleachtúla, caighdeánú, comhar idir an tionscal agus an saol acadúil agus rannpháirtíocht leis an tsochaí.

19. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún idirghníomhaíocht agus comhar a spreagadh, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí idir an saol acadúil, an tionscal, gnólachtaí eile, riarachán poiblí, an earnáil neamhbhrabúis, agus gníomhaithe ábhartha uile eile an éiceachórais, agus a áirithiú go ndéantar oiliúint dochtúireachta agus oiliúint spriodhírithé a fhorbairt nó a chomhfhorbairt ar bhonn riachtanais scileanna iarbhír na bpáirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar shamplaí de dhea-chleachtais a chuirtear chun feidhme faoi chlár atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát.

Ba cheart tacú leis an idirghníomhaíocht agus leis an gcomhar sin go háirithe i réimsí ina bhfuil gá le scileanna sonracha chun oibriú le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta úrscothacha.

20. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun meon na nuálaíochta agus na fiontraíochta a chothú i dtaighdeoirí, lena n-áirítear na scileanna is gá chun infheistíocht a lorg, agus é de chuspóir acu deis a thabhairt dóibh siúd a thugann faoi ghairm na fiontraíochta a gcumais táirgthe eolais a nascadh le hoilteacht sa luachshocrú eolais, agus smaointe nuálacha a iompú ina ngnó agus nuálaíocht agus dul chun cinn a chothú.

Ba cheart béim ar leith a leagan ar fhiontraíocht agus ar nuálaíocht na mban a chur chun cinn, agus ar chruthú seach-chuideachtaí ollscoile faoi stiúir ban.

Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta chun na rioscaí a bhaineann le taighdeoirí atá i mbun gairm fiontraíochta a mhaolú, lena n-áirítear tríd an bhféidearthacht filleadh ar an gconair ghairme a bhí acu roimhe sin.

21. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun tacú le forbairt agus soláthar oiliúna spriodhírithé, lena n-áirítear oiliúint as a dtiocfaidh micridhintiúir⁶¹ agus le tacaíocht ó Chuntais Foghlama Aonair⁶², i gcás ina mbeidh fáil orthu, chun deiseanna uas-scilithé agus athscilithé a áirithiú do thaighdeoirí ó thaobh dearcadh fadsaoil de agus chun soghluaisteacht idirearnálach agus idirdhisciplíneach a chothú. Moltar freisin do na Ballstáit agus don Choimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun nós imeachta bailíochtaí atá cothrom agus trédhearcach a áirithiú, bunaithe ar chritéir chomhchuibhithe, maidir le deiseanna oiliúna foirmiúla agus neamhfoirmiúla, lena n-áirítear oiliúint sa láthair oibre.

22. Moltar don Choimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh i gcomhthéacs tionscnaimh a fhorbairt lena gothófar cúrsaíocht trasearnála tallann:

(a) tacú le foghlaim fhrithpháirteach do na Ballstáit ar bhonn samhlacha de scéimeanna soghluaisteachta idirearnálacha arna mbunú ag an gCoimisiún, i dtrí réimse tosaíochta:

(1) comhar acadúil agus neamhacadúil a neartú;

⁶¹ Moladh 2022/C 243/02 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

⁶² Moladh 2022/C 243/03 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair (IO C 243, 27.6.2022, lch. 26).

- (2) oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú do thaighdeoirí, do nuálaithe, agus do dhaoine tréitheacha eile sa taighde agus sa nuálaíocht;
 - (3) borradh a chur faoi fhiontraíocht taighdeoirí.
- (b) comhpháirteanna den tsoghluaisteacht idirearnálach a threisiú sna hionstraimí atá ann cheana maidir le soghluaisteacht taighdeoirí, agus iad a chomhlánú le hionstraimí nua, i gcás ina meastar gur gá sin;
 - (c) feasacht a chruthú maidir le scéimeanna soghluaisteachta idirearnálacha, trí bhrairse d'Ardán Tallainne LET dá dtagraítear i bpointe 32 den Mholadh seo.
23. Moltar do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar scéimeanna náisiúnta a bhunú lena gcuirfear soghluaisteacht idirearnálach chun cinn i gceann amháin nó níos mó de na trí réimse tosaíochta dá dtagraítear i bpointe 22 den Mholadh seo.
24. Moltar do na Ballstáit gach iarracht is gá a dhéanamh chun díothú na mbacainní struchtúracha agus riaracháin atá ann cheana a chur chun cinn, ar bacainní iad a d'fhéadfadh bac a chur ar an tsoghluaisteacht idir earnálacha nó a d'fhéadfadh deacracht a chur leis an tsoghluaisteacht sin, lena n-áirítear trí thacú le hidir-inoibritheacht gairmeacha idir earnálacha, agus trí shoghluaisteacht shealadach nó bhuan a éascú.

Forbairt agus dul chun cinn gairme

25. Moltar do na Ballstáit tacú le haitheantas a thabhairt don luach a bhaineann le soghluaisteacht gheografach, idirearnálach, idirinstiúideach, idirdhisciplíneach agus fhíorúil mar mhodhanna tábhachtacha chun eolas eolaíoch agus forbairt ghairmiúil a fheabhsú ag céim ar bith de ghairm an taighdeora.
26. Moltar do na Ballstáit bearta a chur chun cinn lena gcuirfear taighdeoirí, go háirithe taighdeoirí luathghairme, ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil i ngach earnáil ábhartha agus chun cultúr d'éagsúlú gairmeacha a chur chun cinn le haghaidh forbairt phearsanta agus ghairmiúil níos fearr. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún tacú le soláthar seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta gairme chun soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach agus gheografach a spreagadh, chomh maith le gníomhaíochtaí fiontraíochta a chruthú agus a fhorbairt.
27. Moltar do na Ballstáit córais le haghaidh mheasúnú agus luaíocht taighdeoirí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar córais iad:
- (a) atá bunaithe ar bhreithiúnas cáilíochtúil a sholáthraíonn piaraí, le tacaíocht ó úsáid fhreagrach táscairí cainníochtúla;
 - (b) lena dtugtar luach saothair don cháilíocht agus do na tionchair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag a gcuid taighde ar an tsochaí, an eolaíocht agus an nuálaíocht;
 - (c) lena sainaithnítear éagsúlacht aschur (*inter alia* foilseacháin, tacair sonraí, bogearraí, modheolaíochtaí, prótacail, paitinní), gníomhaíochtaí (*inter alia* meantóireacht, maoirseacht taighde, ról cheannaireachta, fiontraíocht, bainistiú sonraí, athbhreithniú piaraí, teagasc, luachshocrú eolais, comhar idir an tionscal agus an saol acadúil, tacaíocht do cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, idirghníomhaíocht leis an tsochaí) agus cleachtais (*inter alia* comhroinnt luath

eolais agus sonraí, comhar oscailte), chomh maith le gach taitní soghluaisteachta dá dtagraítear i bpointe 25 den Mholadh seo;

- (d) lena n- áirithítear go gcomhlíonann gníomhaíocht ghairmiúil an taighdeora ardchaighdeáin eitice agus sláine, go dtugann sí luach saothair do dhéanamh iomchuí taighde agus go gcuireann sí luach ar dhea- chleachtais, go háirithe cleachtais oscailte le haghaidh torthaí agus modheolaíochtaí taighde a chomhroinnt, aon uair is féidir;
- (e) lena n- úsáidtear critéir agus próisis mheasúnaithe lena n-urramaítear éagsúlacht na ndisciplíní taighde agus na gcomhthéacsanna náisiúnta;
- (f) lena dtacaítear le héagsúlacht próifílí taighdeoirí agus conairí gairme, agus lena gcuirtear luach ar rannchuidithe daoine aonair, ach freisin ar ról na bhfoirne, ar an obair chomhoibríoch, agus ar an trasdisciplíneacht;
- (g) lena n- áirithítear an comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsitheacht.

Chun comhleanúnachas a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme na moltaí seo, moltar do na Ballstáit oiliúint leanúnach a chothú do na gníomhaithe atá páirteach sa phróiseas measúnaithe agus luaíochta.

- 28. Iarrtar ar na Ballstáit eagraíochtaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna comhghuaillíochtaí, sna comhaontais nó sna tionscnaimh a bhunaítear chun córais mheasúnaithe a fhorbairt i gcomhréir leis na moltaí a liostaítear i bpointe 27 den Mholadh seo. Moltar do na Ballstáit freisin aghaidh a thabhairt ar bhacainní náisiúnta ar an bhforbairt sin ar mheasúnú taighde agus cúnaimh a thabhairt chun aon chontrárthacht nó aon neamh-chomhoiriúnacht a d'fhéadfadh a bheith i gcur i bhfeidhm na moltaí a liostaítear i bpointe 27 den Mholadh seo a chosc, idir an measúnú ar thaighde, ar thaighdeoirí agus ar institiúidí taighde.
- 29. Moltar do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun córas aontachais agus dul chun cinn atá cóir, cothrom, cuimsitheach, trédhearcach, struchtúrtha agus cothrom ó thaobh inscne de a áirithiú do thaighdeoirí sa saol acadúil, suas go dtí na poist is fearr. I ndáil leis an méid sin, moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chóras le haghaidh chonair na tionachta a ghlacadh, atá le ceapadh mar chonradh ar théarma seasta lena ngabhadh dul chun cinn chuig post buan, faoi réir meastóireacht dhearfach.

Cúrsaíocht chothrom na dtallann agus ceann scribe tarraingteach a dhéanamh den Aontas

- 30. Moltar do na Ballstáit gníomhaíocht dhaingean a dhéanamh chun dálaí fabhracha, tarraingteacha agus iomaíocha a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanamh, agus chun taighdeoirí atá ag gabháil d'eispéiris ar an gcoigríoch a thabhairt ar ais chuig a dtír bhaile. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - (a) dreasachtaí chun gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh níos tarraingtí, agus an gá le hiomaíocht chóir do dhaoine tréitheacha á chur san áireamh;
 - (b) simpliú na gceanglas dlíthiúil agus riaracháin do thaighdeoirí;
 - (c) infheistíochtaí sa chóras taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear tacaíocht do líonrú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, chun na córais náisiúnta taighde agus nuálaíochta a nascadh agus a chomhtháthú le líonraí taighde Eorpacha

agus chun infheictheacht níos airde ar chumais náisiúnta agus ar bhonneagair ardleibhéil a sholáthar;

- (d) malartú dea-chleachtas i ndáil le timpeallacht taighde agus nuálaíochta atá tarraingteach agus iomaíoch a chruthú, lena n-áirítear maidir le luach saothair, dálaí oibre agus seirbhísí a fheabhsú, agus bacainní riaracháin agus teanga do thaighdeoirí eachtracha agus idirnáisiúnta a laghdú;
- (e) deontais fillte agus poist tharraingteacha do thaighdeoirí atá ag filleadh;
- (f) an fhéidearthacht dhá phost a bheith acu in institiúidí atá bunaithe i mBallstáit éagsúla, agus ar an gcaoi sin aistriú eolais agus comhar a chothú agus imirce daoine tréitheacha a chosc.

Moltar don Choimisiún tacú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí, lena n-áirítear trí shineirgí a chur chun cinn idir cláir an Aontais, agus cláir an Aontais agus cláir náisiúnta.

31. Moltar don Choimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh chun cúrsaíocht tallann níos cothroime a chothú:

- (a) tacú le foghlaim fhrithpháirteach do na Ballstáit i bhfianaise an athchóirithe ar a gcórais taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear trí ghlaonna ar léiriú spéise chun pobal cleachtais a chruthú ina mbeidh oiliúint agus treoir do na Ballstáit ar bhonn conairí agus réitigh rathúla lena gcumasófar cúrsaíocht tallainne níos cothroime;
- (b) faireachán a dhéanamh ar shreafaí soghluaisteachta, trí léarscáil idirghníomhach cúrsaíochta tallainne san fhaireachlann maidir le gairmeacha taighde dá dtagraítear i bpointe 39 den Mholadh seo;
- (c) naisc thrasnáisiúnta le pobail an diaspóra eolaíochta a éascú agus mealladh nó filleadh daoine tréitheacha a éascú, trí bhainse d'Ardán Tallainne LET dá dtagraítear i bpointe 32 den Mholadh seo;
- (d) cúrsaíocht chothrom tallainne a chur chun cinn do thaighdeoirí luathghairme trí ionstraimí nua ar leibhéal an Aontais lena neartaítear bonn an chaipitil dhaonna i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú, le taighdeoirí agus nuálaithe atá níos fiontraíche, níos bainistiúla agus níos oilte.

Bearta tacaíochta do ghairmeacha taighde

32. Moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun tairseacha agus seirbhísí EURAXESS a neartú, chomh maith leis an ngné idirnáisiúnta, agus Ardán Tallainne LET a fhorbairt mar ionad ilfhreastail ar líne do thaighdeoirí agus d'institiúidí sna hearnálacha uile, le creat rialachais nua ina mbeidh gealltanais cheangailteacha agus ról comhordúcháin na gcomhlachtaí agus na n-institiúidí náisiúnta ábhartha atá páirteach i soláthar seirbhísí.

Le hArdán Tallainne LET, ba cheart:

- (a) é a chur ar a gcumas do thaighdeoirí a ndeiseanna foghlama agus oiliúna agus a ngairmeacha a bhainistiú;
- (b) é a chur ar a gcumas d'institiúidí taighde agus nuálaíochta, d'fhostóirí agus do chisteoirí gníomhaíochtaí líonraithe a dhéanamh, bainistiú níos fearr a dhéanamh ar a linnte tallann, oibriú i gcomhar agus dea-chleachtais a mhalartú, agus mealladh agus coinneáil daoine tréitheacha a éascú agus sonraí

a fheabhsú san am céanna ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí soghluaisteachta ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Ba cheart seirbhísí a leathnú chun seirbhísí forbartha tallainne agus bainistíochta gairmeacha a áireamh, agus béim á leagan ar thaighdeoirí sna hearnálacha ábhartha uile den tsochaí, lena n-áirítear an saol acadúil.

33. Moltar don Choimisiún naisc agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir Ardán Tallainne LET agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais agus tionscnaimh ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear Europass, ESCO agus EURES, chun córas logála isteach an Aontais le haghaidh fíordheimhniúcháin a chur chun feidhme, agus chun foráil a dhéanamh maidir le samhail rialachais fheabhsaithe ar an ardán agus ar an mbunlíonra d'ionaid seirbhíse chun freastal níos fearr ar riachtanais taighdeoirí agus na n-eagraíochtaí a dhéanann taighde.
34. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le formhuiniú agus cur chun feidhme na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí, agus na Cairte do Thaighdeoirí dá dtagraítear i bpointe 35 den Mholadh seo.
35. Ba cheart an Chairt nua do Thaighdeoirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo a chur in ionad na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2005/251/CE. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún formhuiniú agus cur chun feidhme na Cairte nua do Thaighdeoirí ag fostóirí taighde agus ag cisteoirí ó na hearnálacha uile a spreagadh, lena n-áirítear trí dhreasachtaí tiomnaithe, ionas go mbeidh sí ina huirlis struchtúrach chun tacú le taighdeoirí agus le gairmeacha taighde.
36. Moltar don Choimisiún an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí, nó aon sásra cur chun feidhme den chineál sin a bheidh ann amach anseo, a oiriúnú don Chairt nua do Thaighdeoirí, agus leanúnachas a áirithiú i ndáil leis na hinstiúidí a d'fhorghuinigh prionsabail na Seanchairte agus an tSeanchóid do Thaighdeoirí agus a chloígh leis an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí, go háirithe trína meas go leanann siad de bheith ag formhuiniú na Cairte agus an Chóid do Thaighdeoirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo. Moltar don Choimisiún na bearta idirthréimhseacha céanna a chur i bhfeidhm maidir leis na hinstiúidí a thosaigh an próiseas maidir leis an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí faoin tSeanchairt agus faoin Seanchód do Thaighdeoirí.
37. Moltar don Choimisiún na huirlisí uile a athbhreithniú agus a oiriúnú go tráthrialta chun tacú le gairmeacha taighde, bunaithe ar riachtanais iarbhír taighdeoirí, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha.
38. Moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit comhghuaillíochtaí instiúidí ardoideachais a spreagadh agus tacú leo, amhail comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, earnáil ardoideachais iomlán na hEorpa agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile, chun gníomhaíochtaí ábhartha dá bhforáiltear leis an Moladh seo a phíolótú ar bhonn cur chuige deonach agus cur chuige ó bhun aníos.

Faireachán a dhéanamh ar ghairmeacha taighde

39. Anuas ar chórais faireacháin uileghabhálacha an Limistéir Eorpaigh Taighde, moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar ghairmeacha taighde san Aontas agus ar chur chun feidhme an Mholta seo trí fhaireachlann thiomnaithe maidir le gairmeacha taighde, rud a rachaidh chun tairbhe do lucht ceaptha beartas, d'eagraíochtaí, do riaracháin phoiblí agus do thaighdeoirí ar an leibhéal Eorpach

agus ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart don fhaireachlann tacú le riachtanais sonraí na mBallstát agus na n-eagraíochtaí a dhéanann taighde atá ábhartha chun beartais le haghaidh gairmeacha taighde a oiriúnú agus a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart di tacú le taighdeoirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar dhúshláin agus ar dheiseanna, agus tarraingteacht eagraíochtaí an Aontais a dhéanann taighde a chur chun cinn le haghaidh na ndaoine tréitheacha is fearr.

40. Moltar do na Ballstáit oibriú i gcomhar chun sonraí atá ábhartha do chur chun feidhme na faireachlainne a bhailiú ar bhealach éifeachtúil agus inbhuanaithe.
41. Moltar don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar naisc ábhartha leis an bhFaireachlann Eorpach um Earnáil an Ardoideachais a mholtar sa Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna agus, ar an gcaoi sin, sineirgí idir an Limistéar Eorpach Taighde agus an Limistéar Eorpach Oideachais a fheabhsú.
42. Moltar do na Ballstáit agus don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na sonraí arna mbailiú i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2019/1700 a oiriúnú do riachtanais sonraí na faireachlainne dá dtagraítear i bpointe 39 den Mholadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*